



CAIGHDEÁIN

DEIMHNIÚ


MÉADREOLAÍOCHT

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2013

CLÁR ÁBHAIR

2	Sracfhéacháint ar NSAI
4	Forbhreathnú
6	Galláin Teicniúil um Chóras Eifeachtach Trádála
8	Ráiteas ón gCathaoirleach
10	Tuarascáil POF
14	Plean Gnímh le haghaidh Post
16	Caighdeán
22	Measúnú Comhréireachta
28	Méadreolaíocht
34	Rialachas Corparáideach
36	Comhaltaí an Bhoird
38	Ráitis Airgeadais
39	Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird
40	Ráiteas Ar Rialú Inmheánach Airgeadais
41	Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas Agus Ciste
43	Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta
44	Beartais Chuntasaíochta
46	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chomhdhlúite
47	Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán Comhdhlúite
48	Clár Comhardaithe Comhdhlúite
49	Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Comhdhlúite
50	Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

SRACFHÉACHÁINT AR NSAI



creideann sé go bhfuil na cuideachtaí a bhfuil caighdeáin acu clú agus cáil níos fearr acu

bíonn tairbhe le feiceáil ag 4 chuideachta as gach 5 chuideachta a úsáideann caighdeáin



Creideann sé go bhfuil sé níos dóchúla go ndéanfaidh cuideachtaí ilnáisiúnta gnó le cuideachtaí Éireannach a chloíonn le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta

82%



Dúirt sé go bhfuil comhlíonadh le caighdeáin anois ina réamhriachtanas i gcomórtais tairisceana

62%

Na cuideachtaí a úsáideann caighdeáin

Is dóchúla go mbeidh níos mó post cruthaithe acu




Tá dóchúlacht níos airde de rath fadtéarmach acu




Tá gné an-iomaíoch acu




CAIGHDEÁIN



MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA



MÉADREOLAÍOCHT



FORBHREATHNÚ

Bíonn tionchar ag Caighdeáin ar gach cuid dár saol, ach an chuid is mó den am ní thuagaímid iad faoi deara. An chuid is mó de na hearraí agus na seirbhísí a cheannaímid, déantar iad a dhearadh, a thástáil agus a thomhas in aghaidh na ndianchaighdeán chun a chinntiú go mbíonn muinín againn sna táirgí a úsáidímid. Le bheith iomaíoch go leanúnach, ní mór do ghnólachtaí Éireannacha feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde - iad siúd a cheannaíonn táirgí agus seirbhísí na hÉireann, ní hamháin laistigh dár mhargadh baile ach freisin san Eoraip agus go hidirnáisiúnta, bíonn siad ag súil lena leithéid de chaighdeáin. Ar bhonn méadaitheach, bíonn deimhniú chuig caighdeáin ina ghnáthnós i dtaca le trádáil idirnáisiúnta agus infheistíocht isteach.


Is é an NSAI an comhlacht náisiúnta um chaighdeáin in Éirinn. Sa chás go bhfuil caighdeán ann cheana féin, oibríonn an NSAI le gnólachtaí chun cabhrú leo é a chur i bhfeidhm. I gcás ina bhféadfar caighdeán a bheith ag teastáil, beidh an NSAI ag obair le páirtithe ábhartha ar leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta chun an caighdeán cuí a chruthú.

Fís

Eagraíocht dinimiciúil a úsáideann bearta agus caighdeáin chun tairbhe a thabhairt don tsochaí agus chun buntáiste domhanda a thabhairt d'fhiontraíocht in Éirinn.


Misean

Cumasaíonn NSAI nuálaíocht, cuireann trádáil chun cinn, éascaíonn iomaíocht chothrom agus cosnaíonn tomhaltóirí trí chruinneas tomhais agus caighdeáin a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.



GALLÁIN TEICNIÚLA DO CHÓRAS TRÁDÁLA ÉIFEACHTACH - RÓL AN NSAI

Tá an obair NSAI riachtanach dár ngeilleagar agus dár sochaí. In NSAI, oibrímid le gnólachtaí ar fud beagnach gach earnáil de ghníomhaíocht eacnamaíoch agus éascaímid trádáil, scaipeadh faisnéise, scaipeadh an dul chun cinn nuálaíocha maidir le caighdeáin, agus bainistíocht mhaith agus cleachtais mheasúnaithe comhréireachta á roinnt againn.



MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

Is méadreolaíochta dhlíthiúil feidhmiú de thomhais agus d'ionstraimí tomhais a úsáidtear sa trádáil, mar bhonn le tomhaltóirí a chosaint.


MÉADREOLAÍOCHT

Suíonn Méadreolaíocht Eolaíochta agus Tionsclaíochta tomhais chruinne, iontaofa, inrianaithe mar bhonn de riachtanais fheidhmíochta i gcaighdeáin.

CAIGHDEÁNÚ

Éascaíonn caighdeáin trádáil, soláthraíonn siad bonn le haghaidh rialacháin teicniúil. Forbartha ag comhlachtaí caighdeán idirnáisiúnta, réigiúnacha nó náisiúnta.

Soláthraíonn NSAI d'Éirinn, arb í geilleagar beag agus oscailte, le bonneagar le táirgí agus seirbhísí a fhorbairt, a thrádáil, agus daoine ag brath orthu siúd go náisiúnta agus go domhanda. Éascaíonn an bonneagar seo freisin cinntí ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE), i gcás ina mbíonn eagraíochtaí ag brath ar chaighdeáin fhorbartha agus bonneagar um mheasúnacht chomhréireachta lena a gcuid cuspóirí a bhaint amach.



CREIDIÚNÚ SEACHTRACH

(AG COMHLACHTAÍ CREIDIÚNAITHE
AMHAIL COMHLACHT NÁISIÚNTA
NA HÉIREANN UM CHREIDIÚNÚ)

Léiriú ar inniúlacht i dtaca le saotharlanna tástála agus calabrúcháin, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta.

MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Soláthraíonn deimhniúchán fíorú iniúchóireachta agus neamhspleách chun a chinntiú go gcomhlíonann eagraíocht leis na caighdeáin atá riachtanach don mhargadh.

CÓRAS TRÁDÁLA ÉIFEACHTACH

Laghdú ar éagsúlacht gan ghá, idir-inoibritheacht, barainneachtaí scála, cáilíocht dhearbhaithe, cumhacht ag tomhaltóirí chun táirgí agus seirbhísí a éileamh atá oiriúnach don fheidhm agus i gcomhréir le caighdeáin.

RÁITEAS ÓN GCATHAOIRLEACH



“ Tá ceathrar as gach cúigear cuideachtaí In Éirinn eolach ar na buntáistí a bhaineann le caighdeáin agus iad ag infheistiú iontu le buntáiste iomaíoch a fháil. ”

In 2013, tháinig athrú suntasach i giúmar sa timpeallacht ghnó in Éirinn. Díreach bliain roimhe sin, bhí go leor daoine ag labhairt faoi mharthanas amháin, ach tháinig an fás ar ais in 2013 mar aon le deiseanna nua.

D'fhonn a áirithiú go bhfuil gnólachtaí na hÉireann breá ullmhaithe chun dul san iomaíocht agus an chuid is fearr a dhéanamh de dheiseanna, tá an NSAI ag díriú ar a chinntiú go bhfuil an bonneagar is oiriúnaí margadh oscailte ag Éirinn, téama a chuir taca faoinár ranna caighdeán, measúnaithe comhréireachta agus méadreolaíochta.

Le linn na bliana, sholáthraíomar ar gach ceann de na 13 gníomhartha a sannadh dúinn faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist in 2013. Léiríonn sé seo an ról lárnach NSAI maidir le bunús láidir teicniúil a sholáthar ar féidir le cuideachtaí fás agus poist a chruthú ann.

Go deimhin, fuairamar amach go leanann ghnólachtaí na hÉireann ar aghaidh chun an tábhacht a bhaineann le cur i bhfeidhm ceart na gcaighdeán a thuiscint agus iad ag pleanáil chun caipitliú ar an téarnamh eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn, agus léiríodh i suirbhé le linn na bliana go bhfuil ceathrar as gach cúigear cuideachtaí in Éirinn eolach ar na buntáistí a bhaineann le caighdeán agus iad ag infheistiú iontu le buntáiste iomaíoch a fháil.

Ag féachaint chun tosaigh go dtí 2014, táim muiníneach go bhfuil muid suite go maith chun tacú le tionscal na hÉireann agus é ag iarraidh caipitliú ar an deis le haghaidh fáis, agus oibriú ag na caighdeán is airde maidir le céimeanna náisiúnta agus idirnáisiúnta.

I gcomhréir le forálacha an Achta NSAI 1996, d'éirigh triúr comhaltaí an Bhoird as le linn 2013, agus thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Damien Wallace agus go háirithe le Ann Riordan, an Cathaoirleach atá ag dul as oifig, as a dtiomantas agus a rannchuidiú le gnóthachtálacha NSAI le linn a dtréimhse ar an mBord, cé gur sholáthair athcheapachán Kieran Ryan leanúnachas de thaithí an earnála leighis don Bhord.


Sa chéad bhliain an cheaptha dom, tá mé bródúil as a bheith i mbun an phoist mar Chathaoirleach in eagraíocht atá dírithe go daingean ar a cuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, agus an leibhéal is airde de rialachas corparáideach a chomhlíonadh. Faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, táim ag súil go leanfaidh an NSAI ar aghaidh lena spriocanna straitéiseacha a sheachadadh mar atá leagtha amach sa phlean straitéiseach 2013-2015 agus táim ag tnúth le cuidiú a thabhairt leis sin a bhaint amach.

Maidir le 2013, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach agus le foireann NSAI as a ndúthracht agus a dtiomantas do NSAI le linn tréimhse a bhí dúshlánach. In ainneoin líon na foirne laghdaithe, choinnigh an eagraíocht a cuid leibhéil aschuir agus lean le rannchuidiú riachtanach le bonneagar trádála na hÉireann.

Ní féidir linn ár gcuspóirí a bhaint amach inár n-aonar agus, dá bhrí sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le comhaltaí an choiste, le comhpháirtithe ó thionscail, agus leis na comhlachtaí eile lena rabhamar ag obair ar fud na bliana as a ranníocaíochtaí luachmhara.

Mar fhocal scoir, ar son NSAI, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, TD, An tAire do Ghnóthais Bheaga, John Perry TD agus na hoifigigh ag an roinn as a dtacaíocht i rith 2013 do NSAI.

Agus mar sin, i gcomhréir le forálacha an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) 1996, thar ceann an Bhoird agus an Údaráis, cuirim faoi bhráid an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013.



Julie O'Neill
Cathaoirleach

TUARASCÁIL POF



“

Creidimid nár chóir do ghnólachtaí in Éirinn na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht sa phróiseas caighdeánaithe a mheas faoina luach, agus spreagaimid cuideachtaí bheith níos gníomhaí ina leith ”

Tá ról ríthábhachtach ag NSAI maidir le cabhrú le heagraíochtaí Éireannacha a lánchumas a bhaint amach. Cé go mbíonn go leor den obair a dhéanaimid i gcaighdeáin a fhoilsiú, teastais a eisiúint agus tomhais a fhíorú ar siúl as radharc, déanann na héifeachtaí teagmháil le gach cuid de shaol na ndaoine - lena n-áirítear sábháilteacht na bhfeistí leighis agus tomhas cruinn ar lítear breosla.

Sa bhliain 2013, bliain nuair a chas an geilleagar na hÉireann i dtreo téarnaimh agus go leor gnólachtaí ag tagairt arís d'fhás, rinne NSAI ár bhfócas a athnuachan ar an mbonneagar teicniúil riachtanach a chruthú, a chothabháil agus a chur chun cinn, rud a chuidíonn le cuideachtaí buntáiste iomaíoch a fháil trí chaighdeánú.

Cibé an raibh sé ag obair le caighdeáin nua i dtaca le dearadh uilíoch a fhorbairt, deimhnithe táirge a eisiúint, nó os cionn 4,500 huirilís tomhais a úsáidtear sa tionscal a chalabrú, leanamar le trádáil a éascú agus feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i sochaí na hÉireann. Cinntíonn ár gcuid oibre go bhfuil na huirilís agus na hacmhainní is gá ag gnólachtaí in Éirinn le caipitliú ar an téarnamh eacnamaíoch agus le poist a chruthú.

Beidh rath le téarnamh bunaithe ar onnmhairiú, ach amháin más féidir le cuideachtaí Éireannacha rochtain a fháil ar mhargaí idirnáisiúnta ar leibhéal cothrom agus má bhíonn muinín ag custaiméirí ar fud an domhain i gcaighdeán na dtáirgí agus na seirbhísí Éireannacha. Trí caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta a chruthú agus a chur chun cinn, agus trí fhaisnéis mhargaidh a sholáthar trí mheán ár líonra caighdeáin, táimid dírithe air seo a bhaint amach.

Laghdaíodh líon na foirne le 34% ó 2009. Chun leibhéal chéanna na seirbhíse a chothabháil, bhaineamar úsáid as modheolaíochtaí LEAN agus chuireamar an córas bainistíochta cáilíochta ISO 9001 i bhfeidhm ar fud ár bhfeidhmeanna oibríochtúla agus tacaíochta.

Táimid tar éis páirt ghníomhach freisin a ghlacadh i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais do Phoist, rud a leagann béim ar an nasc láidir idir an obair a dhéanaimid i dtraca le gnólachtaí a ullmhú le haghaidh fáis agus cruthú post i ngeilleagar na hÉireann.

Caighdeáin

Is príomhfhócas ata againn rannpháirtíocht an tionscail a spreagadh i gcaighdeáin nua a spreagadh, agus leag rialachán Eorpach ar chaighdeánú agus Plean Gníomhaíochta an Rialtais do Phoist béim air seo.

Sa bhliain 2013, rinneamar gnóthais bheaga a spreagadh a bheith rannpháirteach sa phróiseas caighdeánaithe, trí ionchur a long go gníomhach maidir le caighdeáin a chruthú agus úsáid na gcaighdeán a chur chun cinn laistigh den phobal FBM.

Chuireamar tairseach FBM tiomnaithe ar fáil chun faisnéis a sholáthar ar ár gcuid oibre agus chun cuireadh a thabhairt do dhaoine páirt a ghlacadh inár gcoistí caighdeáin. Leanann ár dtairseach 'Your Standards, Your Say' a bheith in úsáid choitianta, agus breis is 1,200 úsáideoir cláraithe, agus cuirimid na buntáistí a bhaineann le caighdeáin chun cinn go gníomhach trínár líonraí náisiúnta páirtithe leasmhara.

Cinntíonn ár struchtúr coiste comhairleach go ndéantar caighdeáin a scríobh ó dhearcadh cuimsitheach bunaithe ar ghnó, agus bhíomar ag obair chun a chinntiú go bhfuil ionadaíocht chuí ag earnálacha tionscail. Creidimid nár chóir do ghnólachtaí in Éirinn na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht sa phróiseas caighdeánaithe a mheas faoina luach, agus spreagaimid cuideachtaí bheith níos gníomhaí ina leith.

Bhíomar ag obair freisin le hinstiúidí ardoideachais na hÉireann chun oideachas a chur ar ghlúin nua ar an tábhacht a bhaineann le caighdeáin, agus bíonn rochtain ag go leor leabharlann tríú leibhéal anois ar an mbunachar sonraí chaighdeáin NSAI mar an láithreán tagartha príomhúil le haghaidh caighdeán. Mar thoradh air sin, rinneamar roinnt modúl agus

cur i láthair a sheacadadh do dhámha agus do mhic léinn, agus chuireamar clár socrúcháin gníomhach oibre do chéimithe i bhfeidhm ar fud raon disciplíní.

Déantar an chuid is mó d'obair chaighdeánaithe anois ag leibhéal Eorpacha agus idirnáisiúnta, ach áirítear le caighdeáin nua Éireannacha a foilsíodh le linn na bliana ná modheolaíocht LEAN, feabhsúcháin piríte, dearadh uilíoch do chumarsáid laistigh de thionscal na turasóireachta, agus soilsiú éigeandála. I measc na réimsí eile forbartha bhí punann de chaighdeáin Eurocodes le haghaidh tógála, feithiclí leictreacha agus tionscal an gháis chun forbairtí tionscail a léiriú.

Measúnú Comhréireachta

Tá deimhniú rithábachtach d'eagraíochtaí maidir le léiriú go bhfuil siad i gcomhréir leis na caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gur féidir leo dul san iomaíocht leo siúd atá mar an chuid is fearr sa domhan. Leanann ár raon feidhme a leathnú le tabhairt isteach den Chlár um Fhormhuiniú Deimhnithe Foraoise (PEFC), a chuireann ar chumas cuideachtaí Éireannacha inbhuanaitheacht na dtáirgí adhmaid-bhunaithe a dhaingniú. Beidh deimhniúcháin PEFC ina chuidiú le cuideachtaí feidhmiú i margadh domhanda ina mbíonn méadú ar chúrsaí a bhaineann leis an comhshaol.

Bhíomar ag obair go dian chun a chinntiú go raibh an NSAI ina chomhlacht barr-chisil AE chomhlacht in earnáil na bhfeistí leighis, ionas gur féidir linn an tacaíocht is fearr is féidir a chur ar fáil don chuid lárnach seo de gheilleagar na hÉireann. Táimid ag cur go gníomhach lenár saineolas i margaíocht CE agus i léirmhíniú na gcaighdeán feistí leighis atá ag teacht chun cinn, d'fhonn a chinntiú go bhfuil tacaíocht ag monaróirí ó sheirbhís deimhniúcháin ar chaighdeán domhanda.

TUARASCÁIL POF (AR LEAN)

Is daoine a chuireann an fás eacnamaíochta chun tosaigh, agus lean ár gclár Excellence Through People (ETP), a seoladh i 2012, a leathnú de thairbh gur aithin gnólachtaí ETP mar uirlis chumhachtach chun tacú leis an leibhéal scile i gcoitinne sa lucht oibre a fheabhsú. Fuaireamar aiseolas láidir dearfach ó úsáideoirí an chaighdeáin seo maidir lena sochar gnó, agus a spreagaimid gach comhlachta atá páirteach i bhforbairt acmhainní daonna leas a bhaint as an gcreat a sholáthraíonn an ghlúin nua ETP. In 2013, bronnadh an chéad teastas ETP lasmuigh d'Éirinn.

Méadreaíochta Dlíthiúla

Déanann ár oibríocht mhéadreaíochta dhlíthiúil ionstraimí chun cainníochtaí i dtrádáil a thomhas a iniúchadh, agus cinntíonn sé sin go bhfaigheann daoine agus cuideachtaí a cheannaíonn ó ghnólacht Éireannach an rud ar íoc siad as. Thugamar isteach líonra náisiúnta d'fhíoraitheoirí údaráithe, rud a éascaíonn meadú ar líon na dtrádálaithe ar thugamar cuairt orthu le 10% agus méadaíodh líon na n-ionstraimí a ndearnamar cigireacht orthu le 35% i gcomparáid leár fhigiúirí ó 2012.

Sa bhliain 2013, leanamar ar aghaidh le cur chuige riosca-bhunaithe ar mheasúnú comhréireachta a oibriú agus rinneamar iniúchtaí spriocdhírithe ar na hearnálacha tacsáí agus breosla leachtach. Ardaíodh comhlíonadh i measc tacsaiméadair a iniúchadh ó 75% go dtí 98% tar éis ár bhfeachtais.

Méadreaíocht Eolaíochta & Tionscail

Is iad an dá ghníomhaíocht lárnacha dár Saotharlainn Náisiúnta Mhéadreaíochta cothabháil na gcaighdeán tomhais náisiúnta inrianaithe go dtí an córas SI d'aonaid agus scaipeadh na gcaighdeán seo trí chalabrúcháin. In 2013, dheimhnigh sraith athbhreithnithe píaraí go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí seo na caighdeán idirnáisiúnta is airde.

I measc na ndúshlán sa todhchaí ná freagra a thabhairt ar an éileamh ar chaighdeáin tomhais níos casta i monatóireacht chomhshaoil, aerdhíonacht agus bainistiú fuinnimh i bhfoirgnimh, agus san earnáil sláinte freisin.

Plean Gníomhaíochta do Phoist

Deimhníonn cúraimí an NSAI faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist an ról lárnach atá againn chun cuidiú le hÉirinn leanúint ar aghaidh lena fás eacnamaíoch trí na huirilí a sholáthar ionas go bhfaigheann ghnólachtaí buntáiste iomaíoch. Chuireamar i bhfeidhm gach ceann de na 13 gníomhartha a sannadh dúinn faoin dara Plean Gníomhaíochta do Phoist, a mbeidh tionchar láithreach agus ábhartha acu ar fhás in earnálacha ar leith chomh maith leis an ngeilleagar ina iomláine.

Feasacht

Mar chuid dár ngníomhaíochtaí ardaithe feasachta, leanamar lenár bhfeachtas fógraíochta atá bunaithe ar theistiméireachtaí ó phríomhchliant agus ó Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide atá ar an eolas maidir leis na buntáistí a bhaineann le caighdeánú agus deimhniúcháin.

Rinneamar roinnt imeachtaí a óstáil freisin chun aitheantas a thabhairt d'fheidhmíocht cuideachtaí a deimhníodh le caighdeán le déanaí, amhail:

- Córais Bhainistíochta Comhshaoil
- Sláinte Cheirde & Córais Bhainistíochta Sábháilteachta
- Córais um Bainistíocht Cháilíochta
- Excellence Through People
- Bainistiú Fuinnimh
- Córais Bhainistíochta Bia

San iomlán, bhronn an tUasal John Perry TD - an tAire do Ghnóthais Beaga thart ar 75 teastas ar chuideachtaí.

Rinneamar sraith seimineár a reáchtáil, mar shampla comhdháil an Chaighdeáin in Éirinn agus an Seimineár ar Bhainistíocht Riosca, agus ghlacamar páirt in imeachtaí tionscail, mar shampla Déantúsaíochta Éireann 2013, INFORMA, MEDTEC agus seónna bóthair Néalríomhaireachta de chuid Chumann Idirlín na hÉireann.

Mar chuid d'uachtaránacht na hÉireann ar an AE, rinneamar cruinniú Ghrúpa Uachtarán caighdeán idirnáisiúnta a óstáil freisin. In aghaidh an chúlra de na díospóireachtaí Chomhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Thrasatlantach (TTIP) atá le teacht, d'aontaigh ionadaithe ó na heagraíochtaí Eorpacha agus Mheiriceánacha caighdeáin (CEN, CENELEC, ETSI agus ANSI) comhoibriú a threisiú d'fhonn caighdeán a ailíniú. Is céim thábhachtach agus riachtanach í seo maidir le trádáil in earraí agus seirbhísí idir an Eoraip agus na Stáit Aontaithe Mheiriceá a éascú.

Airgeadais

Tríd is tríd, rinneamar feidhmíocht airgeadais láidir do 2013 a thuairisciú, agus d'fhill barrachas de €0.1m.

In ainneoin an easpa téarnaimh sa tionscal tógála, a raibh tionchar aige ar ioncam inár rannán Inbhuanaitheachta agus na Timpeallachta Tógtha, sheasamar ar ár n-ioncam ó sheirbhísí díolacháin measúnaithe comhréireachta, méadreaíochta agus caighdeán, ag €15.9m. Léiríonn sé seo éileamh láidir ar sheirbhísí measúnaithe sna hearnálacha mótarfheithiclí agus feistí leighis.

Choiglíomar beagnach €1m in aghaidh buiséid trí bhearta rialaithe costais agus rinneamar €0.5m a infheistiú ar chaiteachas caipitil chun éifeachtúlachtaí a chothabháil agus a fheabhsú. Baineadh iad seo amach trí úsáid a bhaint as feabhsúcháin táirgiúlachta trí fheabhsuithe próisis TFC agus Sármhaitheas Oibríochta ISO 9001.

Conclúid

Tá NSAI suite go maith chun tacú le tionscal na hÉireann agus iad ag filleadh ar fhás, agus leanfaimid le gnólachtaí a chumhachtú chun buntáiste iomaíoch a bhaint amach trí chaighdeánú sa bhliain atá amach romhainn.

In 2014, táimid ag súil le 1,500 chaighdeán breise a fhoilsiú. Táimid ag súil go mbeidh deimhniú le freagracht shóisialta ina treocht dhomhanda sna blianta atá le teacht, tar éis timpistí mhonarcha uafásacha agus cailleadh saol i dtíortha i mbéal forbartha. Trí bhallraíocht de IQNET, táimid in ann cheana féin léargas a thabhairt ar fhreagracht shóisialta sa slabhra soláthair trí SEDEX, an Malartú Sonraí Eiticiúla Soláthraithe. Leanfaimid leis an staid a mhonatóiriú, agus déanfaimid é sin a fhreagairt dá réir sin.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir ag NSAI, daoine a d'oibrigh go han-dian chun toirt agus caighdeán dár gcuid oibre a chothabháil in ainneoin an líon foirne a laghdaíodh. Táim cinnte go leanfar ar aghaidh leis an dúthracht agus tiomantas in 2014.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhpháirtithe sa tionscal agus sa Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta as a dtacaíocht, agus gabhaim buíochas le Bord agus le Bainistíocht NSAI as a ndianobair i rith na bliana.



Maurice Buckley

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

“
Ardaíodh comhlíonadh
i measc tacsaiméadair a
iniúchadh ó 75% go dtí 98%
tar éis ár bhfeachtais.”



PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DO PHOIST

Sannadh táirgí insoláthartha sonracha agus tacaíocht do chomhlachtaí eile do NSAI laistigh de 13 gníomhartha tábhachtacha i ndara Plean Gníomhaíochta an Rialtais do Phoist, a bhfuil mar aidhm leis an tír bheag is fearr sa domhan a dhéanamh d'Éirinn maidir le gnó a dhéanamh agus líon na ndaoine atá ag obair in Éirinn a mhéadú le 100,000 faoi 2016.

Sa bhliain 2013 chríochnaíomar na míreanna seo a leanas:

Athchóiriú measctha 1 - Cur lenár láidreachtaí fiontair atá ann cheana chun tír cheannaireachta a dhéanamh d'Éirinn san Eoraip i "Sonraí Móra"

Aithníodh meicníochtaí cuí trínar féidir le hÉirinn cuidiú le gníomhaíochtaí forbartha caighdeán a bhaineann le réimsí sonraí anailísíochta agus Sonraí Móra, curtha in ord tosaíochta ag an earnáil fhiontraíochta in Éirinn, agus slógadh rannpháirtíocht fiontair sna grúpaí oibre cuí.

Tógáil Buntáiste Iomaíoch - Taighde agus Nuálaíocht le Cruthú Fostaíochta a chur chun tosaigh

Tugadh tacaíocht do chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta do réimsí tosaíochta an Rialtais ionas go bhfuil tionscadail taighde atá maoinithe go poiblí aillínithe le gníomhaíocht chaighdeánaithe idimáisiúnta cuí agus go mbaineann siad leas as sin, agus go ndéantar an deis ann do thaighdeoirí lonnaithe in Éirinn ionchur a dhéanamh sna caighdeáin atá ag teacht chun cinn a uasmhéadú.

Cabhrú le Fás an Ghnó Dhúchasaigh - Feabhas a chur ar Fheidhmíocht Dhúchasach

Cuireadh chun cinn úsáid níos fearr de chaighdeáin, caighdeáin atá ag teacht chun cinn, agus próiseas an chaighdeánaithe ag cuideachtaí trí imeachtaí faisnéise, clár tionscnamh um chaighdeánú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus úsáid níos mó de Your standards, Your Say.

Athchóiriú measctha 2 - Déan an suíomh is tarraingtí sa domhan d'Éirinn maidir le hinfhaighteacht Scileanna TFC, agus rath leanúnach na hearnála TFC a chinntiú

Cuireadh gairmiúlacht TFC chun cinn trí úsáid a bhaint as an gCreat Eorpach r-Inniúlachta ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta.

Tógáil Iomaíoch Buntáiste - Scileanna a Ailíniú le Riachtanais Fhiontraíochta

Cuireadh chun cinn agus tacaíodh glacadh de chórais struchtúraithe oiliúna agus forbartha don fhoireann atá ann laistigh de chóras bainistíochta Acmhainní Daonna, go háirithe trí Excellence Through People (ETP).

Forbairt agus Doimhniú ar Thionchar na hInfheistíochta Díri Eachtraí

Spreagadh cuideachtaí ilnáisiúnta lonnaithe in Éirinn le leas a bhaint as rochtain ar choistí náisiúnta agus idimáisiúnta um chaighdeánú ar féidir le NSAI a éascú ar mhaithe le saineolas áitiúil luachmhar agus foinse de réamhfaisnéis an mhargaidh agus na teicneolaíochta a bhunú.

Deiseanna Earnála - Déantúsaíocht

Spreagadh níos mó cuideachtaí le leas a bhaint as rochtain ar choistí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chaighdeánú ar féidir le NSAI a éascú ar mhaithe le foinse luachmhar de réamhfhaisnéis an mhargaidh agus na teicneolaíochta a bhunú chun tacú lena ngníomhaíochtaí RD&I.

Deiseanna Earnála - Talmhaíocht, Bia agus Mara

Spreagadh leibhéal ard de ghlacadh Dheimhniú Corais Sábháilteachta Bia (FSSC) atá aitheanta go hidirnáisiúnta i measc táirgeoirí, soláthróirí, agus easpórtálaithe bhia na hÉireann.

Deiseanna Earnála - Geilleagar Glas

Forbraíodh Caighdeán Éireannach maidir le Modheolaíocht Deartha Éifeachtúlachta Fuinnimh chun tacú leis an nGeilleagar Glas a fhorbairt agus chun éifeachtúlachtaí ídithe fuinnimh tionscail a fheabhsú.

Deiseanna Earnála - Déantúsaíocht

Tacaíodh cuideachtaí déantúsaíochta le tomhas cruinnis nó dúshlán éilíteacha tomhas próisis trí shaineolas ón tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta.

Deiseanna Earnála - Néalríomhaireacht

Cuireadh fóraim ar fáil chun an caighdeán néalríomhaireachta, SWIFT 10, a chur chun cinn, agus chun néalríomhaireacht agus saincheisteanna a bhaineann le caighdeáin a phlé.


Deiseanna Earnála - Geilleagar Glas

Cuireadh chun cinn glacadh le caighdeán Chóras Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001 agus le caighdeán Chóras Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 ag cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn.

Deiseanna Earnála - Déantúsaíocht

Athbhreithníodh agus feabhsaíodh (más gá) cláir atá ann cheana féin, lena n-áirítear cláir fhorbartha bainistíochta agus Excellence Through People, chun riachtanais na ngnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach a sheachadadh (mar is cuí), agus straitéisí earnála á gcur san áireamh le forbairt in áiteanna eile sa Phlean Gníomhaíochta seo.

**Cuireadh gach
ceann de na
3 Beart i gcrích
i 2013.**



CAIGHDEÁIN

Is é an Comhlacht um Chaighdeáin Náisiúnta a aithnítear go hidirnáisiúnta (BNS) d'Éirinn NSAI.

Cruthaíonn caighdeáin idirnáisiúnta cothrom na féinne do ghnólachtaí Éireannacha ag díol isteach i margaí Eorpacha agus domhanda. Cabhraíonn siad le trádáil idirnáisiúnta a éascú agus feabhsaíonn siad muintín an tomhaltóra i dtáirgí agus seirbhísí.



Éascaimid tionscal na hÉireann agus rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt caighdeán ábhartha ag leibhéal na hÉireann, Eorpach agus domhanda. Baintear é seo amach go príomha trínár líonra de choistí comhairleacha agus seirbhís ar líne *Your standards, Your Say*.

Tá raon agus trédhearcacht an phróisis seo agus foilsiú an chaighdeáin deiridh tairbheach dóibh siúd a leanas:

• Onnmhairí

Tugaimid an deis do ghnólachtaí Éireannacha chun caighdeán aitheanta ar fud an domhain a ghlacadh agus buntáiste an cheannródaí a fháil trí bheith cothrom le dáta de réir mar a thagann caighdeán nua amach. Cuidíonn sé seo le fás bunaithe ar onnmhairithe trí rochtain níos fearr ar mhargáí agus slabhraí soláthair.

• Nuálaíocht & Tráchtálú

Tá Caighdeán Iárnach maidir le cuidiú le gnólachtaí buntáiste iomaíoch a dhéanamh de smaointe nua trí tháingí nua, múnlaí gnó, struchtúir eagraíochta agus cleachtais oibre a chódúcháin, a ghabháil agus a thráchtálú.

• Tacú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Éascaimid FBManna chun rannchuidiú i bhforbairt na gcaighdeán ina réimsí speisialtachta, rud a fhágann gur féidir leo áistriú ó 'glacadóirí caighdeán' go 'déantóirí caighdeán' agus a gcuid ghnólachtaí a fhás níos tapúla. Cuireann ár n-áis thráchta ar líne *Your Standard, Your Say*, agus 1,240 úsáideoir cláraithe aige, leis an bpróiseas comhairliúcháin seo.

• Comhairliúchán

Téimid i gcomhairle le páirtithe sochaíocha chun ionchur náisiúnta na hÉireann i bpróisis idirnáisiúnta um chaighdeánú a fhoirmiú. Cuireann na coistí comhairleacha, arna cheapadh faoi alt 10 den Acht NSAI 1996, comhairle ar NSAI i dtaca le caighdeán agus cóid na hÉireann atá riachtanach, dréachtann na caighdeán chuif, cóid chleachtais agus leasuithe, agus cinntíonn go dtéitear i gcomhairle leis na páirtithe cuif.

• Caighdeán na hÉireann

Tar éis comhairliúcháin iomchuif, déanaimid caighdeán náisiúnta a fhorbairt agus a fhoilsiú nuair nach dtéann obair chaighdeánaithe san Eoraip agus ag leibhéal idirnáisiúnta i ngleic le riachtanais na hÉireann.





CAIGHDEÁIN

In 2013:

D'fhoilsigh NSAI 1,460 caighdeán chun ár leabharlann na caighdeán a thabhairt go dtí beagnach 25,000 caighdeán. Cé go bhfuil an chuid is mó de na caighdeán a fhoilsímid ina chaighdeán Eorpacha glactha, d'fhoilsíomar freisin roinnt Caighdeán nua na hÉireann, SWiFTS (Sonraíochtaí Scríofa in Fast Track) agus iarscríbhinní náisiúnta ar na Eurocodes a dhíríonn go sonrach ar shaincheistean na caighdeánaithe na hÉireann. Sa chomhthéacs Eorpach, tá Éire sa 8ú áit as 33 tír (Tag. Graf 1) ag breis agus 99% de chur i bhfeidhm CEN CENELEC-EN/HD in aghaidh na tíre.

Tá nádúr leathan an chláir Eorpaigh um chaighdeánú de thábhacht chriticiúil maidir leis an timpeallacht trádála in Éirinn agus tá sé riachtanach go bhfuil na hearnálacha tionscail ar an eolas agus go ndéanann siad monatóireacht ar fhorbairtí a mbeadh tionchar díreach acu ar a gcuid táirgí agus seirbhísí. Le linn 2013, bhí iomlán de 4,300 clár oibre gníomhach thar 18 réimsí gnó (Tag. Graf 2), ar féidir le NSAI ionchar a chur ar fáil iontu agus iad a rochtain.

De réir a nádúir, éilíonn an próiseas comhairliúcháin idirnáisiúnta amlíne suntasach maidir le forbairt agus foilsiú caighdeán. Mar sin féin, ó 2006, laghdaíodh an t-am go dtí foilsiú na gcaighdeán Eorpach ó níos mó ná 5 bliana go dtí díreach os cionn 2 bhliain in aghaidh míre inseachadta in 2013 (Tag. Graf 3).

Tá an próiseas comhairliúcháin lárnach le forbairt na gcaighdeán agus in 2013, d'éascaíomar 1,140 rannpháirtí deonacha go dtí an bpróiseas um chaighdeánú.

Trí mheán dár gcomhaontú caighdeán díolachán, dhíolamar níos mó ná 10,000 caighdeán i rith na bliana, agus 3,600 den méid sin díolta in Éirinn, agus ghineamar ioncam de níos mó ná €1m.

Caighdeán nua na hÉireann

D'fhoilsíomar dhá chaighdeán ar phirít I.S. 398 Cuid 1 agus 2; an chéad chun le fáil amach an bhfuil damáiste déanta d'fhoirgneamh nó gur dóigh go ndéanfar damaiste dó ag pirít imoibríoch; agus an dara ceann le cinneadh conas is féidir é seo a fheabhsú. Beidh na caighdeán seo in úsáid ag an mBord Rúin Pirítí agus iad ag déileáil le héilimh le haghaidh feabsúcháin.

Sheolamar caighdeán nua don tionscal Turasóireachta i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais. Is treoir céim le céim é an caighdeán Dearadh Uilíoch I.S. 373 le haghaidh Rannpháirtíochta Custaiméirí i Seirbhísí Turasóireachta don eanáil turasóireachta gach cineál cumarsáide a dhearadh do chustaiméirí ionas gur féidir iad a úsáid go héasca ag daoine, is cuma aois, méid, cumas nó míchumas.

D'fhoilsíomar an t-athbhreithniú is déanaí ar an gcaighdeán Soilsithe Éigeandála I.S. 3217:2013 tar éis níos mó ná 230 tuairim ón tionscal maidir leis an dréacht bunaidh a chur san áireamh.

1,460

Caighdeán
foilsithe

1,140

Rannpháirtí
caighdeánaithe

10,000

Caighdeán
díolta

25,000

Líon na
gcaighdeán san
NSAI**SWiFTs**

Le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, d'fhoilsíomar SWiFT 11 lomaíochas Tiomána Ag Baint Úsáide as Lean. Tá sé mar aidhm aige seo cabhrú le haon chuideachta Éireannach tús a chur leis an turas Lean d'fheabhas leanúnach agus is cuid d'iarraacht náisiúnta é chun cabhrú le gnólachtaí bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla i dtáirgí agus seirbhísí a sholáthar.

Rannpháirtíocht agus FBManna

Tá tacaíocht tionscail lárnach do chaighdeánú agus tá ionchur ó eagraíochtaí náisiúnta agus ilnáisiúnta luachmhar do rannpháirtíocht ghníomhach na hÉireann sa phróiseas


forbartha caighdeán a chinntiú.

Tá ról ríthábhachtach ag gnóthais bheaga i ngeilleagair na hÉireann agus na hEorpa, a chuimsíonn beagnach 99% de na cuideachtaí Eorpacha agus a sholáthraíonn 66% d'fhostaíocht iomlán na hEorpa. Mar thoradh air sin, spreagann an NSAI FBManna go gníomhach páirt a ghlacadh sa phróiseas caighdeánaithe.

Is foinse tiomnaithe faisnéise do FBManna é ár dtairseach, agus soláthraíonn ár láithreán gréasáin foilseachán www.standards.ie réamhamhairc ar gach caighdeán nua chun cabhrú leis na caighdeáin

tionscail ábhartha a aithint. Tá an tairseach comhairliúcháin ar líne Your Standards, Your Say de bhuntáiste ar leith do chuideachtaí beaga nach bhfuil na hacmhainní acu a bheith rannpháirteach go pearsanta, ach is féidir leo a n-ionchur a chur in lúl tríd an uirlis seo.


Le linn na bliana, lean oifigigh chaighdeánach NSAI chun na líonraí páirtithe leasmhara náisiúnta a fhorbairt chun faisnéis a sholáthar maidir le caighdeáin. Thugamar urraíocht freisin do bheirt ionadaithe FBM ag an imeacht CEN CENELEC SMEST 2 sa Bhruiséil.

CEN-CENELEC EN/HD Rátaí Forfheidhmithe in aghaidh Tíre



CAIGHDEÁIN

Clár Chaighdeánaithe na hEorpa 2013
CEN-CENELEC Clár Oibre Gníomhacha de réir Earnála



Uachtaránacht an AE


Le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, rinneamar an cruinniú Ghrúpa Comh-Uachtaráin de na comhlachtaí Caighdeán Eorpacha agus Meiriceánacha a óstáil. Rinne uachtaráin agus ionadaithe ó na hEagraíochtaí Caighdeán Eorpacha (CEN, CENELEC agus ETSI) agus an Institiúid um Chaighdeáin Náisiúnta Meiriceánach (ANSI) athbhreithniú ar fhorbairtí móra i gcaighdeánú san AE agus i SAM, go háirithe sa chomhthéacs de na creataí rialála agus an ról atá ag caighdeánú. Sa chruinniú rinneadh imscrúdú ar na bealaí ina bhfuil eagraíochtaí caighdeán ar an dá thaobh den Atlantach ag spreagadh agus ag tacú le rannpháirtíocht na FBManna i ngníomhaíochtaí um chaighdeánú. Cinneadh freisin go gcuirfidh na ceithre eagraíocht caighdeán comhaontú chun cinn ar ghníomh a éascú maidir le saincheistanna caighdeán a eascrófar as cur chun feidhme Chomhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Thrasatlantach (TTIP) idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe.

Cur Chun Cinn

Rinneamar roinnt imeachtaí a reáchtáil i rith na bliana chun feachtas ar na buntáistí a bhaineann le caighdeáin agus ar an bpróiseas caighdeánaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear:

Tionóladh comhdháil ar an ról atá ag caighdeáin sa taighde, forbairt agus nuálaíocht. I gcomhar le himeacht uachtaránachta an AE, tháinig níos mó ná 100 saineolaí caighdeán as Éirinn, an Eoraip agus na Stáit Aontaithe, chomh maith leis an Aire do Ghnóthais Bheaga, John Perry TD, le céile chun an ról atá ag caighdeáin i réimsí ar nós Feithiclí Leictreacha agus Eangacha Cliste a phlé, agus ábhair nua a mheas, amhail

Caighdeáin Eorpacha
CEN - Am go dtí foilsiú in
aghaidh na míre ineachadta,
in aghaidh na bliana



néalríomhaireacht, cumarsáid measín le measín (M2M) cumarsáid agus 'Cathracha Cliste'.

Seimineár ar bhainistíocht riosca i gcomhar leis an gcoiste comhairleach caighdeáin bainistíochta riosca NSAI, a thug deis do bhreis is 70 rannpháirtí líonrú a dhéanamh agus saincheistanna bainistíochta riosca a phlé le saineolaithe caighdeáin NSAI.

Príomhghníomhaíochtaí 2013

- 1,140 rannpháirtí i gcaighdeánú
- Foilsíodh 1,460 caighdeán
- Díoladh breis agus 10,000 caighdeán
- Leabharlann NSAI caighdeán anois ag 25,000
- Caighdeáin foilsithe chun cabhrú le feabhsúchán piríte
- Forbraíodh LEAN SWiFT chun éifeachtacht tionscail a spreagadh
- Bunaíodh Coiste Comhairleach Eurocodes

An dara comhdháil 'Cáilíocht in Éirinn' eagraithe i gcomhar le Cáilíocht Éireann agus IT Shligigh. Tháinig breis agus 100 gairmí cáilíochta le chéile chun imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí a fháil chun cáilíocht agus muinín a fheabhsú in eamálacha, lena n-áirítear cúram sláinte, bia, leighis, tógáil, innealtóireacht agus déantúsaíochta.

Ar Lá Domhanda um Chaighdeáin, fuair James Keogh, saineolaí leictreach as Corcaigh agus comhalta coiste NSAI, an dámhachtain ICE 1906 mar gheall ar a chuid oibre den scoth sa réimse de bhearta sábháilteachta i suiteálacha leictreacha.

Réimsí eile gníomhaíochta

Mar gheall ar an réimse leathan de chláir oibre um chaighdeánú, ní mór do ghníomhaíochtaí NSAI a bheith solúbtha do riachtanais atá ag teacht chun cinn, agus le linn 2013 bhí na cinn seo a leanas i measc roinnt gníomhaíochtaí suntasacha;

Feithiclí leictreacha


Leanamar le tacú le dianiarracht ar fud an domhain ag IEC chun córas de chaighdeáin d'fheithiclí bóthair leictreacha agus trucaill leictreacha tionscail a fhorbairt. Éascaímid rannpháirtíocht ag saineolaithe náisiúnta do na grúpaí oibre agus mar atá le gach caighdeán Eorpach, déanaimid iad a fhoilsiú mar chaighdeáin na hÉireann.

Tógáil

Tionóladh an chéad chruinniú dár gCoiste nua Comhairliúcháin Eurocodes. Tabharfaidh an coiste sainchomhairle do NSAI ar ábhair chaighdeánaithe a bhaineann le cur i bhfeidhm Eurocodes in Éirinn agus chun an obair CEN TC 250 Eurocodes Struchtúracha a scáthánú de réir mar is cuí.

Oideachas Tríú Leibhéal

Leanamar ar aghaidh le húsáid a bhaint as caighdeáin in institiúidí tríú leibhéal a chur chun cinn chun feabhas a chur ar ghníomhaíocht taighde agus forbartha. Go dtí seo, tá cúig choláiste ag baint úsáide as leabharlann NSAI na gcaighdeán Éireannach, Eorpach agus idirnáisiúnta. Leanfar ar aghaidh leis an gclár in 2014.



MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Soláthraíonn an NSAI deimhniú neamhspleách chun a chinneadh cé acu an gcomhlíonann próisis, táirgí nó seirbhísí eagraíochta na caighdeáin agus na riachtanais is gá dá gcuid margaí.




Déantar ár gcuid seirbhísí um measúnú comhréireachta a rangú i gceithre réimsí oibríochta a léiríonn riachtanais ghnólachtaí na hÉireann: inbhuanaitheacht agus an timpeallacht thógtha, feistí leighis, tacaíocht mhargaidh agus rialála, agus sármhaitheas gnó.

Tugann an deimhniú seo buntáiste iomaíoch d'eagraíochtaí i gcinntí tairisceana agus soláthair chomh maith le dearbhú a thabhairt do cheannaitheoirí agus d'úsáideoirí deiridh go gcomhlíonann táirgí, seirbhísí agus próisis caighdeán aitheanta, lena n-áirítear córais bainistíochta gnó agus formheasanna táirgí.

Comhlíonann ár scéimeanna bainistíochta agus deimhniúcháin caighdeán agus sonraíochtaí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta, ag cuidiú le cuideachtaí Éireannacha tairisceana do ghnó idirnáisiúnta. Aithníonn an Coimisiún Eorpach deimhniúcháin creidiúnaithe mar an mheicníocht roghnach chun deireadh a chur le bacainní teicniúla ar thrádáil agus measann sé go bhfuil sé riachtanach i dtaca le oibriú ceart an mhargaidh thrédhearcaigh atá dírithe ar chaighdeán.





MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

In 2013:

D'éisíomar 1,300 teastas nua le comhlachtaí atá ag feidhmiú i 30 tír éagsúla. Tá na sé scéim is mó tóir orthu liostaithe thíos:

Líon na dteastas	Scéim
177	IS EN ISO 9001 Córais Bhainistíochta Cáilíochta
65	OHSAS Sláinte Cheirde & Bainistíocht Sábháilteachta
63	IS EN ISO 14001 Córais Bhainistíochta Comhshaoil
42	Bord Agrément na hÉireann
35	ETP 1000 Excellence Through People
27	IS EN 771-3 Sonraíocht do na hAonaid Saoirseachta

Rinneamar 500 deimhniú a aistarraingt.

D'fhaomhamar 30 iarratas le haghaidh feistí leighis le comharthú CE. Fuair ceithre chuideachtaí nua ISO 13485, Feistí Leighis - Córais Bhainistíochta Cáilíochta, agus fuair trí cinn deimhniúchán Chóras Measúnaithe Comhréireachta Feistí Leighis Cheanada (CMDCAS), a sholáthraíonn rochtain le feistí leighis a dhíol i gCeanada.

Seachadadh ar Ionchais ár gCliaint

Bíonn ár gcliaint ag lorg tuilleadh deimhnithe creidiúnaithe i réimsí amhail cáilíocht, comhshaoil, slándáil faisnéise agus táirgí a thrasnaíonn teorainneacha idirnáisiúnta agus a chlúdaíonn gnóilachtaí iomlána. Ciallaíonn ár gcreidiúnú go ndearnadh measúnú orainn i gcoinne caighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus go n-oibrímid ag na leibhéil is airde cáilíochta agus seirbhíse, rud a thugann dearbhú breise do chliaint go bhfuil na deimhnithe a eisímid inchreidte, neamhchlaonta agus aitheanta ar fud an domhain.

Bunaithe ar riachtanais an mhargaidh, tá creidiúnú againn ó Bhord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann (INAB); Bord Náisiúnta Creidiúnaithe ANSI-ASQ (ANAB - an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta do na Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus an Córas Measúnaithe Comhréireachta Feistí Leighis Cheanada (CMDCAS).

Táimid freisin ina chomhalta de IQNet, an príomhlíonra domhanda de phríomhchomhlachtaí measúnaithe comhréireachta.

Creidiúnú

I gcomhréir le rialachán an AE go gcaithfidh comhlachtaí deimhniúcháin bheith creidiúnaithe ag a gcomhlacht náisiúnta, rinneamar seacht gcinn dár scéimeanna ó Sheirbhís Chreidiúnaithe na Ríocht Aontaithe (UKAS) go dtí Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann (INAB). Bhí próiseas iniúchta dian i gceist leis seo, agus is féidir linn a bheith muiníneach go bhfuil ár bpróiseas measúnachta comhréireachta ag feidhmiú ag an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.

I rith 2013, rinne an INAB NSAI a chreidiúnú freisin le deimhniú le deimhniúcháin sláinte agus sábháilteacht OHSAS 18001, an Clár um Fhormhuiniú Deimhnithe

1,300

Teastas nua
eisihte

500

Teastas
aistarraingthe

36

Iniúchadh
bainistíochta
Fuinnimh ISO
50001

30

Medical device
applications for
CE marking

Foraoise - Slabhra coimeádta (PEFC), Córais Aláraim Ionraitheora agus Fíorú Lipéadú Mairteola.

Ag teacht lenár gcuspóir a bheith ina phríomhchomhlacht deimhniúcháin, soláthraimid deimhniú creidiúnaithe d'eagraíochtaí do na cúig chaighdeáin bainistíochta is fearr ar fud an domhain: cáilíocht, comhshaol, fuinneamh, bainistíocht bhia agus sláinte & sábháilteacht.

Feabhsaíonn an raon seo dheimhniúcháin creidiúnaithe togra NSAI mar sholáthraí seirbhíse deimhniúcháin amháin de rogha don tionscal. Maraon lenár mballraíocht ar na Scéimeanna Sábháilteachta i Soláthair (SSIP), ciallaíonn sé seo gur féidir le cuideachtaí foirgníochta deimhnithe ag NSAI go dtí OHSAS 18001 dul in iomaíocht anois i gcomórtais tairisceana tógála sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil an deimhniú seo ina réamhriachtanas.

Sármhaitheas Gnó

Trí mheán ár ndeimhniúcháin sármhaitheas gnó, taimid ag díriú acmhainní ar scéimeanna deimhniúcháin atá aitheanta go hidimáisiúnta a bharrfeabhsú iomaíochas gnó agus feidhmíocht, agus fócas ar leith ar eamálacha aitheanta a bhfuil an cumas acu cur leis an téamamh geilleagrach agus poist a chruthú.

ISO 9000

D'eisíomar 177 deimhniú ISO 9001:2008, atá fós ina chaighdeán bainistíochta cáilíochta is mó a úsáidtear ar fud an domhain. Tá an caighdeán seo faoi athbhreithniú faoi láthair agus táthar ag súil go bhfoilseofar athbhreithniú in 2015. D'fhonn cuideachtaí cliant a choinneáil ar an eolas, rinneamar comhdháil a

óstáil i gcomhar le Cáilíocht Éireann agus IT Shligigh dar teideal "Quality in Ireland 2013, Trust quality in Lean Times". Chuir sé seo ar chumas breis agus 1000 gairmí cáilíochta bealaí a scrúdú chun cáilíocht agus muinín a fheabhsú faoi na srianta eacnamaíochta atá ann. Chuireamar tús freisin le forbairt de sheisiúin faisnéise ISO 9000 ata le seachadadh ar fud na tíre in 2014 mar ullmhúchán le haghaidh an chaighdeáin nua.

Excellence Through People (ETP) Leanamar le Excellence Through People a chur chun cinn, rud a chuireann samhail feabhsúcháin gnó ar fáil d'eagraíochtaí chun feidhmíocht a fheabhsú agus straitéisí a bhaint amach trína ndaoine a bhainistiú agus a fhorbairt. Rinneamar breis agus 35 eagraíocht nua a dheimhniú ar an scéim i rith na bliana, lena n-áirítear an Aireacht Bhaile, Ard-Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna in Abú Daibí. Ba é seo an chéad deimhniú idimáisiúnta leis an scéim.

Bainistíochta Foraoise PEFC agus Slabhra Coimeádta Chuireamar an Clár domhanda um Fhormhuiniú Deimhnithe Foraoise (PEFC) lenár gcaighdeáin. Tugann deimhniúcháin PEFC dearbhú do cheannaitheoirí agus díoltóirí de tháirgí adhmaid-bhunaithe in Éirinn go dtagann a gcuid táirgí adhmaid ó fhoinsí inbhuanaithe.

Is é PEFC an córas deimhniúcháin foraoise is mó ar an domhan, agus cabhróidh sé le saothróirí adhmaid na hÉireann tairisceana, trádála agus oibriú i margaí domhanda. D'eisíomar an chéad deimhnithe PEFC do Choillte agus Codex, rud a ligeann do chliant NSAI deimhnithe bainistíochta foraoise a fháil don phríomhtháirgeoir agus

deimhniúcháin slabhra coimeádta a fháil don slabhra soláthair.

Fóram SME

Rinnemar fóram a reáchtáil chun comhairleoirí a thabhairt cothrom le dáta le scéimeanna deimhniúcháin nua agus na cinn atá ann cheana féin. Bhí an faisnéisiú ceaptha chun faisnéis a d'fhéadfaí a chur ar aghaidh chuig FBManana a chur in iúl.

Gnó sa Phobal


Mar chuid de thiomantas leanúnach an NSAI chun tacú le cumas Thionscal na hÉireann freagracht shóisialta a léiriú, leanamar lenár gcomhoibriú le Gnó sa Phobal tríd an bpróiseas le haghaidh Comhartha Freagrachta Oibre Ghnó a iniúchadh agus a dheimhniú.

Inbhuanaitheacht agus an Timpeallacht Thógtha

Tháinig meath breise ar an Timpeallacht Thógtha in 2013, a bhí ina phríomhthiománaí i dtaca le feidhmíocht eacnamaíoch roimhe. Mar sin féin, bhí comharthaí cobhsaíochta agus forbairt ann, amhail an t-aistriú ó Threoracha Táirgí Foirgníochta (CDP) go dtí Rialacháin Táirgí Foirgníochta (CPR), Bainistíocht Fhuinnimh agus leanadh le scéimeanna Inslithe a bheith mar éileamh ar ár n-idirbhabhalacha.

Rialacháin Táirgí Foirgníochta

Tháinig Rialacháin Táirgí Foirgníochta (CPR) i bhfeidhm in Iúil 2013, in áit na dTreorach Táirgí Foirgníochta (CPD). Fuair NSAI creidiúnú mar chomhlacht fógraithe faoin CPR ó INAB chun seirbhísí iniúchóireachta a chur ar fáil do chuideachtaí ar mian leo comharthú CE a úsáid, rud atá éigeantach i gcomhair táirgí a mhonaraítear le Caighdeán comhchuibhithe Eorpacha. Sa bhliain 2013, d'eisíomar 52 deimhniú Rialú Táirgthe Monarchan faoin CPR.



MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Comhlacht um Measúnú Teicniúil
Chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) stádas Chomhlacht um Measúnú Teicniúil (TAB) d'Éirinn orainn. Leis seo, tugtar údarás dúinn táirgí a mheasúnú i gcoinne Doiciméad Measúnaithe Eorpacha, Faomhadh Teicniúil Eorpach (ETA) a tháirgeadh agus ETAnna a bhí táirgthe ag TABanna eile a fhaomhadh.

Is modh le comharthú CE táirgthe é ETA sa chás nach bhfuil aon chaighdeán comhchuibhithe ann. Cruthaíonn an ETA muinín i bhfeidhmíocht na dtréithe fíor-riachtanacha de tháirge foirgníochta maidir lena úsáid beartaithe. Cuireann an ETA le saorghluaiseacht na dtáirgí foirgníochta agus tá sé bail i ngach ceann de 28 Ballstát an AE.

Agrément

Chomh maith le deimhniúchán a sholáthar do tháirgí foirgníochta faoi CPR, leanamar le deimhniú Agrément ar tháirgí nuálaíochta, rud a chuireann ar chumas cuideachtaí cruthú go bhfuil a gcuid táirgí oiriúnach don fheidhm agus a thugann muinín do thomhaltóirí.

Inbhuanaitheacht

Leanamar le scéimeanna deimhniúcháin a sholáthar i réimsí gaolmhara amhail iad siúd do shuiteálaithe inslithe, monaróirí fráma adhmaid agus tástálaithe aerdhíonachta, seachadta i gcomhréir lenaár gcóras bainistíochta cáilíochta cláraithe ISO 9001.

Sa bhliain 2013 rinneamar feabhsúcháin ar scéimeanna suiteálaí inslithe agus leanamar le tacú do SEAI i dtaca le rialú cáilíochta de scéimeanna inslithe deontaschúnta.

Rinneamar iniúchadh ar níos mó ná 400 monaróir agus conraitheoir freisin, agus seirbhís tacaíochta agus comhairleach á soláthar againn do chliaint a bhí ag aistriú ón CPD go dtí an CPR.

Rinneamar 36 iniúchadh do Chórais Bhainistíochta Fuinnimh, a thugann clárú do chuideachtaí faoi ISO 50001 agus a thugann muinín go ndéantar saincheistean fuinnimh á bhainistiú i gcomhréir leis na caighdeáin agus na nósanna imeachta atá aitheanta go hidimnáisiúnta.

Caidreamh a Thógáil

Leanamar le cur chun cinn ár gcuid leanúnaigh le Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF), tríd an scéim Dheimhniúcháin CQAI (Dearbhú Cáilíochta Tógálaithe Éireann)/NSAI do ISO 9001 agus ISO 14001 in eamail na seirbhísí tógála.

Inbhuanaitheacht a Thacú

Chríochnaíomar forbairt de scéim chun gnólahtá a chlárú agus a mhonatóiriú a dhéanann ríomhanna samhaltaithe teirmeach, a úsáidtear chun faisnéis a sholáthar maidir le conas atá agus cá háit a bhfuil teas á ghiniúint i bhfoirgnimh. Ní mór an riachtanas seo a dhéanamh mar chuid de na rialacháin foirgníochta. Tá an scéim nua, a forbraíodh ar son DECLG agus i gcomhar le DIT Sráid Bolton, deartha chun inniúlacht múnlaí teirmeach a léiriú. Chun feabhas a chur ar inniúlacht san eamail, d'fhorbair Sráid Bolton freisin cúrsa ar shamhaltú teirmeach tráth a bhí an scéim á dréachtú.

Feistí leighis

Tá eamail na bhfeistí leighis ar cheann de na réimsí fáis is mó i ngeilleagar na hÉireann agus ta príomhról againn i bhfás an tionscail an-rialaithe a

éascú. Cinnteoidimid go bhfuil táirgí na monaróirí agus córais bhainistíochta cáilíochta i gcomhlíonadh le treoracha feistí leighis na hEorpa agus le rialacháin idimnáisiúnta eile, agus tairgimid treoir rialála chun cabhrú le monaróirí nascleanúint faomhadh comharthaithe CE d'fheistí leighis, agus ag brostú ama chun an mhargaidh.

Sa bhliain 2013, d'fhaomhamar muid 30 iarratas i dtaca le comharthú CE feistí leighis. Fuair ceithre chuideachta nua ISO 13485, Córais Bhainistíochta Cáilíochta Feistí Leighis agus fuair trí cinn CMDCAS, Córais Mheasúnaithe Chomhréireachta Feistí Leighis Cheanada.

Choinníomar freisin faomhadh d'fheistí leighis ard-riosca Aicme III feistí leighis tar éis dúinn riachtanais an chomhchoiste measúnaithe a chomhlíonadh, coiste atá comhdhéanta den IMB, dhá Údarás Inniúla ainmnithe agus Oifig Bia & Tréidliachta an AE. Tá an t-aicmiú d'fheistí leighis Ina chóras riosca-bhunaithe atá bunaithe ar leochaileacht chorp an duine agus ag cur san áireamh na rioscaí féideartha a bhaineann leis an ngléas. Léiríonn Aicme III feistí ard-riosca an-rialaithe, amhail feistí tacaíochta beatha nó feistí cothaithe beatha.

Tacú Margaidh & Rialála

Tá an timpeallacht ghnó múnlaith ag an timpeallacht rialála ag an leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Cuirimid córas measúnaithe agus comhréireachta ar fáil a chabhraíonn le gníomhaireachtaí stáit agus rialtóirí trí sheirbhís deimhniúcháin a sholáthar le cinntiú go gcomhlíonann táirgí agus seirbhísí riachtanais na reachtaíochta náisiúnta agus treoracha an AE atá i réim.

400

Iniúchadh
monaróirí agus
conraitheoirí
tógála

3,000

Faomhadh
uathghluaisneacha
AE

4,000

Faomhadh
uathghluaiseacha
náisiúnta48 uair an
chloigAm freagartha
ar fhaomhadh
uathghluaiseach
náisiúnta

Sábháilteacht ar Bhóithre
Bímid ag obair leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun a chinntiú go gcomhlíonann na feithiclí na ceanglais rialála maidir le sábháilteacht agus an comhshaol ar aon. Faoi threoir an AE 2007/46/CE, tá feithiclí chineálcheadaithe le díol, clárú agus cur i seirbhís ar fud na hÉireann agus na mBallstát go léir, agus táimid ag obair chun a chinntiú go bhfuil an treoir i bhfeidhm i gcomhréir leis an amchlár maidir le forfheidhmiú an chineálcheadaithe.

Sa bhliain 2013 d'eisíomar breis agus 4,000 faomhadh uathghluaiseacha náisiúnta agus 3,000 faomhadh uathghluaiseacha AE le haghaidh feithiclí, a gcomhpháirteanna agus a gcóras, a dhírigh ar cheisteanna ar nós astuithe, cumhacht innill, boinn agus criosanna sábháilteachta.

Sábháilteacht Bhia

Mar a léiríodh i stair le déanaí, tá guaiseacha bia intreach do gach cuid den slabhra soláthair bia. Leanamar ar aghaidh le deimhniúcháin sábháilteachta bia a thairiscint atá bunaithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta Córais Bhainistíochta Bia ISO 22000 agus Cláir réamhriachtanais ISO TS 22,002-1 maidir le Sábháilteacht Bia. Mar sin féin, tá glacadh ag gnólachtaí in Éirinn íseal de thairbhe go leanann táirgeoirí deimhniúcháin a shaothrú ar chaighdeáin Chuibhreannas Mhiondíola na Breataine (BRC) do mhargadh na Ríochta Aontaithe. Faoi Tionscnamh Sábháilteachta Bia Domhanda, measaimid go soláthraíonn deimhniúcháin do na scéimeanna deimhniúcháin atá aitheanta go hidirnáisiúnta raon feidhme níos mó do tháirgeoirí bia agus deochanna in Éirinn le maidir le rochtain a fháil ar mhargaí idirnáisiúnta.

NSAI sna Stáit Aontaithe

Trínár bhfochuideachta NSAI Inc atá lonnaithe in Nashua, New Hampshire, Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuirimid raon iomlán de sheirbhísí creidiúnaithe Dheimhniú Córas Bainistíochta agus Fhaomhadh Feistí Leighis ar fáil. Le breis is 90 comhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe ag feidhmiú sa réigiún, tá ionadaíocht sa mhargadh ag na comhlachtaí móra Eorpacha. Cuimsíonn ár raon feidhme deimhniúcháin Cáilíocht, Comhshaol, Feistí Leighis, Aeraspás, Teileachumarsáid agus Slándáil Faisnéise.

Déantar na seirbhísí seo a sheachadadh go príomha chuig custaiméirí a bhfuil ceanncheathrú sna Stáit Aontaithe acu, ach tacaíonn ár líonra idirnáisiúnta custaiméirí móra domhanda a leanann beartas comhlachta deimhniúcháin creidiúnaithe aonair. Tá tionchar

domhanda ag go leor de na heagraíochtaí seo agus áiseanna acu i mbreis agus 30 tír, lena n-áirítear Éire agus an Eoraip.

Trí na gníomhaíochtaí deimhniúcháin seo a sholáthar, táimid ag cabhrú le hÉirinn a chur chun cinn mar áit iontach chun gnó a dhéanamh agus éascaímid cumarsáid le tionscail a mheasfadh Éire mar áit fhéideartha d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI) sa todhchhaí.

Le linn 2013, rinneamar 153 iarratas nua leighis agus neamhleighis a phróiseáil i dtaca le deimhniú táirge, córas agus seirbhíse.

Príomhghníomhaíochtaí 2013

- Eisíodh 1,300 teastas i 30 tír
- Aistarraingíodh breis agus 500 teastas
- Faomhadh 30 iarratas feistí leighis do comharthú CE
- Fuarthas creidiúnú INAB i leith 7 gcaighdeán
- Rinneadh 2 chur i láthair deimhniú grúpa do 75 cuideachta
- Seoladh ár scéim deimhniúcháin PEFC
- Leathnaíodh tairiscintí deimhniúcháin do tháirgí foirgníochta nuálaíochta
- Rinneadh 36 Iniúchadh Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001
- Eisíodh breis agus 4,000 faomhadh uathghluaiseacha náisiúnta agus 3,000 faomhadh uathghluaiseacha AE
- Coinníodh stádas faofa feistí leighis Aicme III



MÉADREOLAÍOCHT

Is é an sainmhíniú a thugtar ar mhéadreolaíocht ná eolaíocht an tomhais. Ó thaobh an NSAI de, cuimsíonn sé sin na réimsí seo a leanas:

- méadreolaíocht thionsclaíoch agus eolaíoch atá dírithe ar inrianaitheacht idirnáisiúnta caighdeán tomhais a choinneáil ar bun agus ar chalabhrúchán ardchruinnis a sholáthar do thionscal na hÉireann
- méadreolaíocht dhlíthiúil atá dírithe ar na ceanglais reachtúla agus ar na cigireachtaí ar thomhais agus ar ghléasanna tomhais a úsáidtear sa trádáil.



An tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla

Déanann sí fóirú agus cigireacht ar ghléasanna a úsáidtear chun cainníochtaí a thomhas sa trádáil d'fhonn a chinntiú go bhfaigheann gnóthais agus tomhaltóirí an méid a n-íocann siad astu.

Cibé acu atá tú ag ceannach ola téamh baile, ag meá torthaí in ollmhargadh nó ag fruiliú tacsáí, imríonn a chruinne atá tomhas cainníochtaí tionchar díreach ar an muintín atá ag daoine as margadh na hÉireann. Déanaimid tomhaltóirí agus gnóthais a chosaint trí fhoireann cigirí a fhostú chun a chinntiú go mbíonn tomhais cruinn.

An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta

Tá freagracht uirthi as caighdeáin a bhunú, a choimeád ar bun agus a thomhas in Éirinn.

Cinntimid go gcomhlíonann Éire ceanglais an chórais idirnáisiúnta aonad – an córas SI – maidir le cainníochtaí fisiciúla a thomhas. Mar shampla, fuaimíocht, leictreachas, minicíocht, fad, mais, teocht, brú, fórsa, bogthaise agus casmhóimint.

Tá bonneagar méadreolaíochta a aithnítear go hidirnáisiúnta ríthábhachtach maidir le hÉirinn a chur chun cinn mar áit inmhianaithe chun gnó a dhéanamh inti, go háirithe i gcás infheistíocht dhíreach eachtrach ó thaobh ardteicneolaíochta de. Buntáiste iomaíoch tábhachtach do thionscal na hÉireann is ea a infhaighte atá saineolas tomhais atá áitiúil agus inrochtana go héasca.





MÉADREOLAÍOCHT

Méadreolaíocht Dhlíthiúil

Laistigh de ghníomhaíocht trádála gheilleagar na hÉireann, déanann an NSAI maoirseacht ar 70,000 gléas tomhais éagsúil i 35,000 ceann d'eagraíochtaí agus de chuideachtaí, idir shiopaí áise agus thimpeallachtaí olltáirgeachta. Ar mhaithe lena chinntiú gur cruinn a bhíonn cainníochtaí luaithe, bainimid leas as teicnící measúnú riosca chun ár gclár cigireachtaí a dhírú don bhliain, áit a spriocdhírímid ar earnálacha ina bhfuil ardriosca neamhchomhlíonta.

Cinntimid freisin go mbíonn córais láidre i bhfeidhm ag cuideachtaí a sholáthraíonn bia agus earraí eile réamhphacáistithe chun na cainníochtaí atá sna pacáistí sin a thomhas, a shampláil agus a sheiceáil.

Tá ár gcuid oibre roinnte i dtrí ghníomhaíocht atá leithleach agus idirghaolmhar.

1) Measúnú Comhréireachta

Déanaimid measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann gléas nua tomhais ceanglais dhlíthiúla (cineálcheadú).

Fíoraímid an gléas atá i gceist, de réir chaighdeáin Eorpacha nó de réir chóras formheasta bainistíocht cáilíochta an mhonaróra féin.

2) Fíorú in úsáid

Athfhíoraímid gléasanna tomhais a ndearnadh deisiú nó coigeartú orthu chun a chinntiú go bhfuil siad fós cruinn agus go gcomhlíonann siad ceanglais go fóill. Is gá é sin a dhéanamh sular féidir iad a úsáid arís chun críocha trádála.

3) Cigireacht

Seiceálaimid gur cruinn a bhíonn na tomhais a úsáidtear chun críocha trádála trí chigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar ghléasanna tomhais agus ar earraí pacáistithe.

Sa bhliain 2013:

Thugamar cuairt ar níos mó ná 5,400 áitreabh trádála agus thástálar 16,000 gléas, dá ndearnadh tástáil iomlán mhéadreolaíochta ar 58% agus dá ndearnadh cigireacht amhairc ar 42%. Leagtar amach sa tábla thíos líon na gcigireachtaí a rinneadh laistigh d'earnálacha spriocdhíríte in 2013:

Earnáil	Cigireachtaí
Dáileoirí Breosla Leachtaigh	8,293
Tacsaímhéadair	2,059
Droichid Mheáite	563
Meá Mhiondíola	3,338
Méadair Ola	693

Dhéileálar le 200 ceann de cheisteanna agus de thuairiscí ó thomhaltóirí maidir le tomhais míchruinne.

Feachtais chigireachta

Leanamar le cur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh i leith cigireachtaí, áit a spriocdhírímid ar earnálacha ina bhfuil ardriosca neamhchomhlíonta.

- Thugamar faoi fheachtas spriocdhíríte chun tacsaímhéadair a sheiceáil i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). Rinneamar cigireacht amhairc ar 2,059 tacsaímhéadair agus fuaireamar amach go raibh 75% fíoraithe tráth na cigireachta. De bharr gníomh leantach, bhí 98% de thacsaímhéadair comhlíontach ag deireadh na bliana. Tá gníomh leantach ar siúl faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar an 2% eile de thacsaímhéadair a bhí neamhchomhlíontach.
- Thugamar faoi fheachtas spriocdhíríte ar earnáil an bhreosla leachtaigh freisin, áit a ndearnamar cigireacht ar 693 méadair ola feistithe ar thrucaí.
- Rinneamar comhghníomhaíocht forfheidhmithe i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chosaint Iascaigh Mhara agus leanfar ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht sin in 2014.

Fíoraitheoirí údaráithe

Rinneamar scéim na bhFíoraitheoirí Údaraithe a leathnú arís eile, agus tá 28 fíoraitheoir páirteach inár ngréasán náisiúnta anois. Ó cuireadh chun feidhme den chéad uair í, tá ag éirí go geal leis an scéim sin agus tá timpeallacht cruthaithe aici do thionscal inbhuanaithe seirbhísí fíorúcháin san earnáil phoiblí, agus athailíniú acmhainní an NSAI ar ghníomhaíochtaí cigireachta á éascú aici ag an am céanna.

Faoi scéim na bhfíoraitheoirí údaráithe, rinne oibreoirí tríú páirtí níos mó ná 40,000 fíorú ar ghléasanna tomhais, lena áiríodh córais tacsaímhéadair, gléasanna tomhais, miosúir dheochanna meisciúla, dáileoirí breosla leachtaigh agus méadair feistithe ar thrucaí le haghaidh bainne agus ola.

Líon na bhfíoruithe in aghaidh na hearnála

Córais Tacsaímhéadair	5,163
Gléasanna Tomhais	530
Dáileoirí Deochanna Meisciúla	31,731
Méadair Feistithe ar Thrucaí le haghaidh Ola	372
Méadair Feistithe ar Thrucaí le haghaidh Bainne	185
Dáileoirí Breosla Leachtaigh	2,257

Thugamar córas nua TFC isteach freisin chun cabhrú le tuairiscí comhlíonta. Sa bhliain 2014, cuirfimid tairseach ar líne leis an gcóras, rud trína mbeidh fíoraitheoirí in ann a sonraí fíorúcháin a uaslódáil go huathoibríoch ar ár mbunachar sonraí.

Líon na nDaoine ar Ghréasán na bhFíoraitheoirí Údaraithe de réir Catagóir Gléis

Córas Tacsaímhéadair	1
Gléasanna Tomhais	13
Miosúir Dheochanna Meisciúla	1
Tancairí bhreosla leachtaigh ar bhóthar	5
Méadair Bhainne	2
Dáileoirí Breosla Leachtaigh	5
Meánna Dramhaíola	1

5,400

Líon na
dTrádálaithe ar
tugadh cuairt
orthu

40,000

Líon na
bhfíoruithe
tríú páirtí


100

Líon na
gcuairteanna ar
an tionscal
pacáistithe

16,000

Líon na nGléasanna
a ndearnadh
cigireacht
orthu

Suíomh na bhFíoraitheoirí Údaraithe



Réimsí eile gníomhaíochta

Leanamar de bheith ag obair le WELMEC agus le OIML, comhlachtaí idirnáisiúnta.

Rinneamar an bhunobair do roinnt gníomhaíochtaí éagsúla a dtabharfar fúthu in 2014:

- Nós imeachta agus trealamh nua cigireachta a thabhairt isteach le haghaidh córas meá araidí um íoc de réir meáchain.
- Seirbhís nua um fhíorú tacsaithe.
- Scéim na bhFíoraitheoirí Údaraithe a leathnú sna réimsí a bhaineann le droichid mheáite, le meána araidí agus le meá mhiondíola.

Sa bhliain 2013:

Choimeádamar 14 chaighdeán náisiúnta tomhais ar bun, rud a chabhraíonn le hinrianaítheacht aonad SI a chur ar fáil don tionscal. Is é atá san SI

Príomhghníomhaíochtaí in 2013

Méadreachaíocht Dhlíthiúil

- Comhthairiscint leis an Údarás Náisiúnta lompair i leith fíoruithe tacsaithe agus tástálacha ar oiriúnacht tacsaithe
- Comhghníomhaíocht forfheidhmithe leis an nGníomhaireacht um Chosaint Iascaigh Mhara
- Dhá fheachtas spriocdhírthe náisiúnta in earnáil na hola agus in earnáil na dtacsaithe
- Cigireacht ar 2,059 tacsáimhéadar
- Cigireacht ar 693 méadar ola feistithe ar thrucaílí
- Tugadh breis agus 100 cuairt ar an tionscal pacáistithe chun a chinntiú go raibh cainníochtaí cruinn
- Déileáladh le 200 ceann de cheisteanna agus de thuairiscí ó thomhaltóirí maidir le míchruinneas
- Rinneadh breis agus 40,000 fíorú tríú páirtí



MÉADREOLAÍOCHT

An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta

(Le Système International d'unités (Córas Idirnáisiúnta na nAonad)) ná córas aonad a bhfuil comhaontú domhanda air agus a bhfuil seacht mbunaonad ann. Tá an córas ag croílár gach eolaíochta agus teicneolaíochta nua-aimseartha. Ábhar coitianta taighde i measc méadreolaithe is ea an dóigh a sainmhínimid agus a réadaímid na bunaonaid agus na haonaid dhíorthaithe. Bíonn modhanna níos cruinne á dtabhairt isteach de réir mar a thagann siad chun cinn. Is iad seo a leanas na seacht mbunaonad i gCóras Idirnáisiúnta na nAonad

- An t-aimpéar (A) - sruth leictreach
- An chaindéile (cd) - déine lonrúil
- An ceilvin (K) - Teocht
- An cileagram (kg) - Mais
- An méadar (m) - fad
- An mól - méid substainte
- An soicind (s) - am

Ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil gléasanna tomhais in Éirinn inrianaithe leis na caighdeáin náisiúnta tomhais, d'eisíomar 4,500 teastas calabrúcháin do chustaiméirí a tháinig ó gach earnáil i ngeilleagar na hÉireann.

Inniúchtaí

Sheolamar scéim nua um thástáil inniúlachta (inniúchadh tomhais) agus rinneamar 10 dtástáil inar cuimsíodh sé réimse tomhais.

In inniúchadh tomhais, cuirtear na torthaí tomhais a baineadh amach i saotharlann agus na torthaí tomhais a baineadh amach i saotharlann tagartha i gcomparáid le chéile. Is í an tsaotharlann tagartha an t-údarás is airde sa tír don tomhas lena mbaineann. Is é an sprioc atá ann ná inniúlacht saotharlann

creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe a fhíorú, lena n-áirítear na héiginnteachtaí tuairiscithe tomhais a fhíorú. Is beart rithábachtach iad iniúchtaí tomhais maidir le cumas teicniúil saotharlainne a fhíorú agus a thagarmharcáil, rud a chuireann feabhas ar na hinniúlachtaí agus ar na seirbhísí tomhais atá ar fáil do thionscal na hÉireann.

Bhí an scéim teoranta d'earnáil na saotharlann creidiúnaithe sa bhliain 2013; leathnóimid an scéim sa bhliain 2014 chun saotharlanna tionsclaíocha a chuimsiú.

Socrú Aitheantais Fhrithpháirtigh

I mí Dheireadh Fómhair 1999, rinne Stiúrthóirí ó 38 Institiúid Náisiúnta Méadreolaíochta (NMI) agus ó 2 eagraíocht idirnáisiúnta Socrú Aitheantais Fhrithpháirtigh (MRA) an Choiste Idirnáisiúnta um Meáchain agus Tomhais (Comité International des Poids et Mesures (CIPM)) a shíniú. Bunaíodh an comhaontú sin chun cur ar chumas Institiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta aitheantas a thabhairt do chaighdeáin náisiúnta tomhais agus do theastais náisiúnta calabrúcháin agus tomhais ama n-eisiúint ag Institiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta eile ar fud an domhain agus glacadh leis na caighdeáin agus na teastais sin. Ba é an NSAI a rinne Socrú Aitheantais Fhrithpháirtigh an CIPM a idirbheartú agus a shíniú thar ceann na hÉireann.

Is iad seo a leanas cuspóirí Shocrú Aitheantais Fhrithpháirtigh an CIPM:

- méid coibhéise a bhunú maidir le caighdeáin náisiúnta tomhais atá i bhfeidhm in Institiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta.

- foráil a dhéanamh d'aitheantas frithpháirteach a thabhairt do theastais calabrúcháin agus tomhais ama n-eisiúint ag Institiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta.

- bunús daingean teicniúil a chur ar fáil do rialtais agus do pháirtithe eile i gcomhair mór-chomhaontuithe a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta, le tráchtáil idirnáisiúnta agus le gnóthaí idirnáisiúnta rialála.

Toisc gur sinne a shínigh an Socrú Aitheantais Fhrithpháirtigh thar ceann na hÉireann, tá dualgas orainn páirt iomlán a ghlacadh sa chomhaontú agus na ceanglais theicniúla atá leagtha síos ann a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas ceanglais an chomhaontaithe:


- páirt a ghlacadh i gcomparáidí cuí.
- a n-inniúlachtaí calabrúcháin agus tomhais (CMCanna) a dhearbhu le haghaidh athbhreithniú fairsing piaraí agus iad a chur faoi réir na n-athbhreithnithe sin.
- córas cuí cáilíochta a chur chun feidhme agus a thaispeáint.

Mar sin, thugamar faoi dhianmheasúnú idirnáisiúnta ar ár n-inniúlachtaí calabrúcháin agus tomhais in 2013 chun a chinntiú gur féidir ár gcaighdeáin tomhais agus ár dteastais calabrúcháin a aithint ar fud an domhain.

D'fhoill muintín a áirithiú as tomhas agus as coibhéis tomhais lena bhfuil ann i dtíortha eile, ghlacamar páirt freisin i gcomparáidí idirnáisiúnta saotharlainne (ILCanna). Soláthraítear leis na comparáidí sin fianaise nithiúil ar cháilíocht ár n-oibríochtaí teicniúla éagsúla, mar shampla, inrianaitheacht tomhas, nósanna imeachta tomhais/calabrúcháin, rialú na timpeallachta tomhais, inniúlacht foirne, anailís ar éiginnteacht agus tuairiscí torthaí.

Réamhriachtanas do bhallraíocht leanúnach de Shocrú Aitheantais Fhrithpháirtigh an CIPM is ea páirt a ghlacadh i gcomparáidí idirnáisiúnta saotharlainne. Is tríd an mBíuró Idirnáisiúnta um Meáchain agus Tomhais (BIPM), trí Chumann Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta (EURAMET) agus tríd an gComhar Eorpach um Chreidiúnú (EA) a

Inniúlachtaí Calabrúcháin agus Tomhais an NSAI



14

Líon na
gcaighdeán
náisiúnta tomhas
a coinníodh
ar bun

4,500

Líon na dteastas
calabhrúcháin a
eisíodh

360

Líon na
laethanta
taighde

50

Líon na
gcuideachtaí ar
cuireadh oiliúint
i méadreolaíocht
orthu

dhéantar na comparáidí sin a riar de ghnáth. Is é atá i gceist le comparáid idirshaotharlainne ná rannpháirtíocht dhá shaotharlann (comparáid dhéthaobhach) nó níos mó ná dhá shaotharlann (comparáid iltaobhach).

Sa bhliain 2013, ghlacamar páirt i gcúig idirchomparáid idirnáisiúnta tomhais le hinstiúidí náisiúnta eile méadreolaíochta na hEorpa agus leis an BIPM. A bhfuil le hinfheistiúocht i gcaighdeán níos fearr tomhais, rinneamar athbhreithniú ar inniúlachtaí calabhrúcháin agus tomhais i gcomhair cainníochtaí leictreacha agus chuireamar inniúlachtaí nuashonraithe calabhrúcháin agus tomhais isteach ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, d'éirigh linn ár n-iniúchadh bliantúil piaraí ag EURAMET a chur i gcrích, rud a dheimhníonn go gcomhlíonaimid rialacháin idirnáisiúnta go fóill.

Oideachas agus Oiliúint

Sa bhliain 2013, sholáthraíomar 14 chúrsa oiliúna don fhoireann theicniúil ó níos mó ná 50 cuideachta. Rinneamar ceithre mhodúl saotharlainne a chur i láthair freisin do mhic léinn innealtóireachta in Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta.

Thugamar Clár Idirbhliana isteach chun deis struchtúrtha a thabhairt do dhaltáí idirbhliana an chuid is fearr a bhaint as seachtain a chaitheamh ar thaithí oibre le príomhinstitiúid eolaíochta agus tús eolais a thabhairt dóibh faoi bhunphrionsabail na méadreolaíochta.

Idirnáisiúnta

Rinneamar ionadaíocht d'Éirinn ar shé chruinniú coiste theicniúil de chuid an EURAMET, Cumann Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta Méadreolaíochta. Rinneadh ionadaíocht dúinn freisin ar bhord stiúrthóirí an EURAMET in 2013 agus tá freagracht orainn as nuachtlitir an EURAMET a dhréachtú agus a fhoilsiú.

Rinneamar ionadaíocht do rialtas na hÉireann ar an gCoiste Idirnáisiúnta um Meáchain agus Tomhais (CIPM).

D'óstálamar cuairt faisnéise ag Stiúrthóir Bhiúró Caighdeán Oileán na Tríonóide agus Tobága, ailtirí agus innealtóirí an Bhiúró ina measc. Lean an obair sin leis an gcúnamh a thugamar in 2012 maidir le dearadh agus le feistiú saotharlainne don fhoirgneamh nua méadreolaíochta a bhí beartaithe acu.

Taighde agus Nuálaíocht

Chaitheamar 360 lá i mbun obair taighde agus chuireamar páipéar i láthair ar theicnící fíoraithe cuasán aeráide ag an gcomhdháil TempMeko i Maidéara. Tháinig sé sin as taighde comhoibríoch le MBW agus le Rotronic, dhá mhonaróir idirnáisiúnta gléasanna bogthaise.

D'éiríomar inár mball iomlán den Chlár Eorpach Méadreolaíochta do Nuálaíocht agus Taighde (EMPIR). Is é is EMPIR ann ná clár taighde tomhais atá á reáchtáil de réir Fhís 2020. Is fiú €600 milliún é an clár agus beidh sé ar bun ar feadh tréimhse 10 mbliana.

Cuimseoidh EMPIR an taighde is fearr ar aonaid idirnáisiúnta tomhais, agus é mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar na Mórdhúshláin, mar a thugtar orthu, in earnálacha amhail sláinte, fuinneamh agus an comhshaol.

Tugann EMIR deis mhór don NML, don lucht léinn agus don tionscal obair a dhéanamh le chéile ar thaighde conraithe thar thréimhse ama seasta d'fhonn fíorluach agus fíorthionchar a bhaint amach sa gheilleagar.

Ath-shainmhíniú ar an gcileagram

Tá monatóireacht ghníomhach á déanamh againn ar fhorbairtí idirnáisiúnta ó thaobh na méadreolaíochta de, cosúil leis an ath-shainmhíniú a dhéanfar roimh i bhfad ar an gcileagram. Is é atá sa chileagram ná an t-aonad SI a úsáidtear chun mais a thomhas. Is é an bunaonad deiridh a sainmhíniú mar oibiacht fhisiciúil seachas tairiseach a tharlaíonn go nádúrtha. Toisc go mbíonn riachtanas méadaitheach ag an lucht eolaíochta agus tionscail le bealach níos cruinne chun meáchain ollmhóra a thomhas, bítear ag féachaint leis an gcileagram a shainmhíniú mar thairiseach bunúsach ionas go mbeifear in ann é a thomhas le tuilleadh cruinnis.

Tá scrúdú á dhéanamh faoi láthair ar chineálacha nua cur chuige i leith an aonaid SI i gcomhair mais (kg) a shainmhíniú agus a réadú. Tá na nithe seo a leanas i measc na gcineálacha cur chuige sin;

- vatamheá lena gcuirtear tomhais chumhachta leictir agus tomhais chumhachta meicniúla i gcomparáid le chéile chun nasc a bhunú idir na haonaid SI i gcomhair leictreachais agus meicniúchta.

- tionscadal idirnáisiúnta Avogadro a chuireann an cileagram i gcoibhneas leis an mais atá i líon seasta adamh trí líon na n-adamh atá i sféar sileacain a thomhas.

Cé gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar an dá cheann de na modhanna féideartha sin, is dóigh go ndéanfar an cileagram a ath-shainmhíniú mar thairiseach bunúsach roimh i bhfad.

Príomhghníomhaíochtaí in 2013

An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta

- Coinníodh 14 chaighdeán náisiúnta tomhais ar bun
- Eisíodh 4,500 teastas calabhrúcháin
- Seoladh scéim nua um thástáil inniúlachta
- Cuireadh 10 dtástáil inniúlachta i gcrích
- Rinneadh iniúchadh rathúil ar ár n-inniúlachtaí calabhrúcháin agus tomhais
- Glacadh páirt i gcúig idirchomparáid
- Soláthraíodh 14 chúrsa oiliúna do rannpháirtithe ó 50 cuideachta
- Caitheadh 360 lá i mbun taighde
- Gnóthaíodh ballraíocht iomlán den EMPIR

RIALACHAS CORPARÁIDEACH



Bunaíodh an NSAI faoi fhorálacha an Achta fán Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Agus é ina chomhlacht reachtúil, tá sé de chumhacht aige talamh agus maoin eile, lena n-áirítear maoin intleachtúil, a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt, dul i gconarthaí, agra a dhéanamh agus bheith inagartha faoina ainm féin.

Feidhmíonn an tÚdarás de réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996; an Achta Méadreolaíochta, 1996; an Achta um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980, agus na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1998 – 2009. Feidhmíonn sé freisin faoi choimirce na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta dá dtugtar de chumhacht cistí a chur ar fáil don údarás chun cur ar a chumas a chuid dualgas a chomhlíonadh; treoracha beartais ghinearálta a eisiúint; agus faisnéis a lorg ar ghníomhaíochtaí an údaráis.

Chomh maith lena reachtaíocht rialaithe féin, ceanglaítear ar an NSAI freisin cloí le raon ceanglais reachtúla (náisiúnta agus AE) agus le ceanglais riaracháin eile. Go háirithe, chuir an Ghníomhaireacht nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais shonracha seo a leanas:

Rialachán Uimh. 1025/2012 ón AE maidir le Caighdeánú Eorpach

Ó 2012 i leith, tá an NSAI ainmnithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta mar chomhlacht náisiúnta caighdeán i gcomhair CEN, CENELEC agus ETSI faoi rialachán an AE maidir le caighdeánú agus ceanglaítear air tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le gníomhaíochtaí caighdeánaithe.

An Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 (an Cód)

Ghlac an Bord leis an gCód agus chuir sé nósanna imeachta an Chóid chun feidhme. Chomh maith leis sin, déanann sé athbhreithniú chun comhlíonadh iomlán fhorálacha an Chóid a áirithiú. Deimhníonn an Cathaoirleach ar an mBord, i dtuarascáil ar leith a thugtar don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gach bliain, go bhfuil ceanglais aonair an Chóid á gcomhlíonadh.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir fhorálacha na nAchtanna, ní mór do gach Comhalta agus do gach ball foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis iomlána leasa a chur faoi bhráid an Rúnaí.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá an NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé le cur chuige dearfach i leith comhionannais san eagraíocht. Tá beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre i bhfeidhm agus cuireadh in iúl é don fhoireann ar fad.

Tá an NSAI tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre is saoil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun don fhoireann ar fad.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Chuir an NSAI nós imeachta i bhfeidhm chun an Reachtaíocht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leasa san Ionad Oibre a chomhlíonadh. Chuir sé Ráiteas Sábháilteachta le chéile freisin lena gcuimsítear gach ábhar a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht, ar shláinte agus ar leas ball foirne agus cuairteoirí ar áitribh an NSAI. Déantar an cháipéis sin a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir mar is gá.

Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1998

Ní comhlacht ainmnithe é an NSAI chun críche an Achta. De réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, áfach, chuir an t-údarás nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh ionadaíocht foirne ar an mBord.

Saoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Is comhlacht forordaithe é an NSAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

Bunaítear leis na hAchtanna sin na cearta reachtúla seo a leanas;

- Rochtain a fháil ar eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Go ndéanfar eolas oifigiúil atá i seilbh comhlacht poiblí maidir le duine aonair a leasú nuair atá an t-eolas sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach, agus
- Rochtain a fháil ar thaifid ar chinntí a théann i bhfeidhm ort arna ndéanamh ag an gcomhlacht poiblí sin.

Ba cheart iarratais ar fhaisnéis a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, An NSAI, 1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Tá an NSAI cláraithe mar rialaitheoir sonraí agus comhlíonann sé forálacha na nAchtanna sin.

Treoirlínte maidir le Tograí Caiteachais Chaipitiúil a Mheasúnú agus a Bhainistiú

Bhunaigh an NSAI nósanna imeachta atá comhsheasmhach leis na prionsabail atá leagtha amach sna treoirlínte sin.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Rinneadh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, a leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chomhlíon an NSAI forálacha an Achta sna poncanna ábhartha uile.

Íoc Pras Soláthraithe

Tá an NSAI tiomanta dona chinntiú go ndéantar gach sonrasc bailí ó sholáthraithe a íoc go pras faoin Riail um Íoc Pras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

Tugann an NSAI tuairisc ráithiúil faoin riail sin sa rannán "About NSAI – Foilseacháin" ar an suíomh Gréasáin.

Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Tá an NSAI tiomanta dá dhícheall a dhéanamh bheith tíosach ar fhuinneamh. Le linn 2013, d'úsáid an t-údarás an fuinneamh seo a leanas ar fud 9 saoráid:

- 1,177,813 kWh de leictreachas
- 1,272,978 KWh de ghás nádúrtha

Glacann an t-údarás páirt i gcomhaontuithe creata le haghaidh an tsoláthair leictreachais agus gháis. Soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair na comhaontuithe sin go lárnach.

Tá rátáil fuinnimh B2 ag foirgneamh na Ceannteathrún.

Cairt Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí an NSAI an rún daingean atá againn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí. Tá an Chairt ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla sa rannán "About NSAI – Organization – Customer Service" ar an suíomh Gréasáin. Áirítear sa Chairt faisnéis maidir le comhlíonadh an Achta Ombudsman, 1980, agus an Achta Ombudsman do Leanaí, 2002.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2010 agus Comhaontú Bhóthar Haddington

Feidhmíonn an NSAI de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail. Chuir sé forálacha an Achta sin agus comhaontuithe ina dhiaidh sin chun feidhme de réir mar ba ghá.

AN BORD

Comhaltaí Reatha an Bhoird



Julie O'Neill, Cathaoirleach



Maurice Buckley,
Príomhfheidhmeannach



James Collins



Kieran Cox



Eugene Forde



Aideen Goggin



Terry Landers



Peter Oates



Deirdre O'Hara



Barbara O'Leary



Kieran Ryan



Edmond Stack

Ar scor in 2013



Ann Riordan, Cathaoirleach



Anne Clarke



Damien Wallace

Tá Bord an NSAI comhdhéanta de Chomhaltaí an Údaráis. De réir fhorálacha an Achta fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996, is é an tAire a cheapann na Comhaltaí ó na leasanna sin atá páirteach sa phróiseas um thráchtarraí, próisis agus cleachtais a chaighdeánú agus a dheimhniú, gan aon leas ar leith a bheith i réim.

Tá an Bord comhdhéanta de thríúr comhaltaí dhéag: cathaoirleach amháin agus 12 chomhalta, lena n-áirítear Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá ina chomhalta de bhrí oifige. Tráth lá cinn bliana bhunú an Údaráis, éiríonn an triúr comhaltaí is faide seirbhís as an mBord.

Feidhmíonn an Bord de réir threoirlínte an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 agus de réir phrionsabail an dea-chleachtais i rialachas corparáideach.

Tá an bord freagrach as straitéis agus as beartais na heagraíochta a leagan síos agus as a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe inmheánaigh chun maoirseacht a dhéanamh ar a oibríochtaí.

Baintear é sin amach trí bhonneagar rialaithe inmheánaigh a bheith ann, rud lena n-áirítear Ábhair atá Forchoimeáda don Bhord, deighilt shoiléir idir ról an Chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh, sceideal cruinnithe lena ngabhann tuairisciú agus cur i láthair rialta don Bhord agus Coiste Iniúchóireachta agus Coiste Riosca

atá gníomhach. Tá an Bhainistíocht Feidhmiúcháin freagrach as an straitéis, na beartais agus na nósanna imeachta a chur chun feidhme ó thaobh cúrsaí oibríúcháin de.

De réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, cuireann Comhaltaí Boird an NSAI Ráiteas Leasanna faoi bhráid an Rúnaí, leasanna as a bhféadfadh coinbhleacht teacht chun cinn nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an gComhalta maidir lena fheidhmíocht ar an mBord. Cuirtear an Ráiteas Leasanna faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí freisin.

Cloíonn an NSAI go hiomlán le treoirlínte an Rialtais maidir le híocaíocht táillí le Comhaltaí Boird.

Freastal ar Chruinnithe Boird (Tionóladh seacht gcruinniú le linn 2013)

Comhaltaí Boird	Earnáil	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
Julie O'Neill - Cathaoirleach (Ceaptha - Iúil 2013)	Cógaisíocht	4 cinn as 4 cinn
Ann Riordan - Cathaoirleach (Ar Scor- Aibreán 2013)	TFC	2 cheann as 2 cheann
Maurice Buckley	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin - NSAI	6 cinn as 7 gcinn
Anne Clarke (Ar Scor - Feabhra 2013)	Foireann	1 cheann as 1 cheann
James Collins	Oideachas	5 cheann as 7 gcinn
Kieran Cox	Foireann	7 gcinn as 7 gcinn
Eugene Forde (Ceaptha - Deireadh Fómhair 2013)	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	1 cheann as 2 cheann
Aideen Goggin (Ceaptha - Eanáir 2013)	Airgeadas	7 gcinn as 7 gcinn
Terry Landers	TFC	7 gcinn as 7 gcinn
Peter Oates (Ceaptha - Meitheamh 2013)	Foireann	5 cinn as 5 cinn
Deirdre O'Hara (Ceaptha - Eanáir 2013)	Fuinneamh	6 cinn as 7 gcinn
Barbara O'Leary	Comhshaol	7 gcinn as 7 gcinn
Kieran Ryan (Athcheaptha - Meitheamh 2013)	Leigheas	4 cinn as 6 cinn
Edmond Stack	Innealtóireacht	6 cinn as 7 gcinn
Damien Wallace (Ar Scor - Aibreán 2013)	Airgeadas	2 cheann as 2 cheann

RÁITIS BHLIANTÚLA AIRGEADAIS 2013

- 39 Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Comhaltaí Boird
- 40 Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais
- 41 Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- 43 Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta
- 44 Beartais Chuntasaíochta
- 46 Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais
- 47 Ráiteas Comhdhlúite faoi Ghnóthachain agus
Caillteanais Aitheanta Iomlána
- 48 Clár Comhardaithe Comhdhlúite
- 49 Ráiteas Comhardaithe faoi Shreabhadh Airgid
- 50 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ COMHALTAÍ BOIRD


DO RÁITIS BHLIANTÚLA AIRGEADAIS 2013

Ceanglaítear le Mír 8(2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996 ar an Údarás na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé agus, go háirithe, na cuntais speisialta sin go léir a fhéadfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a ordú a choimeád. Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear in iúl a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le Mír 8 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird:



Julie O'Neill
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2014



Maurice Buckley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
27 Meitheamh 2014

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann Bhord an NSAI, admhaím an fhreagracht atá orainn as a áirithiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead go cuí agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Is iad seo na bearta atá déanta ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar fud gach leibhéil den eagraíocht.

Bhunaigh an Bord próisis chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí na nithe seo a leanas:

- Próiseas foirmiúil um bainistíocht riosca a oibriú. Measann an próiseas sin na príomhrioscaí atá roimh an Údarás maidir lena fheidhm a chomhlíonadh agus maidir lena chuspóirí foriomlána a bhaint amach.
- Tá an lucht Bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a aithint agus a mheasúnú agus as rialuithe inmheánacha cuí a dhearadh agus a chur chun feidhme.
- Tuairiscíonn an lucht Bainistíochta don Bhord maidir le hathruithe suntasacha in oibríochtaí an Údarais agus maidir leis na rioscaí lena mbaineann.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear scaradh dualgas, agus ar chóras tarmiligin agus cuntasachta. Áirítear leis sin go háirithe:

- Teorainneacha údaráithe atá sainmhínithe go soiléir, scaradh dualgas agus na rialuithe atá ar fáil óna chórais airgeadais. Déanann an Coiste Iniúcháireachta maoirseacht ar an gcóras sin agus fostaíonn sé gníomhaireachtaí seachtracha cuí chun an córas sin a scrúdú agus a thástáil.
- Oibriú an chórais rialaithe buiséid, a gcuirtear feidhmíocht iarbhair i gcomparáid leis le linn na bliana. Tuairiscítear torthaí airgeadais don Bhord agus déantar scrúdú ar na difríochtaí idir na torthaí airgeadais agus an buiséad.
- Tá formheas an Bhoird ag teastáil le haghaidh gach príomhúdaráis íocaíochta agus le haghaidh gach príomhshainordaithe baincéireachta.
- Formheasann an Coiste Iniúcháireachta, ar fochoiste de chuid an Bhoird é, pleananna iniúchta inmheánaigh agus déileálann sé le saincheisteanna rialaithe suntasacha a ardaíonn iniúcháirí inmheánacha nó seachtracha. Áirithíonn an Coiste sin go ndírítear obair na feidhme iniúchta inmheánaigh ar na réimsí is mó riosca nó nochtadh.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh atá seachfhoinsithe ag an NSAI, rud a fheidhmítear de réir Chreat-Chód an Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúcháireachta. Cuirtear obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochtadh dó, agus tá pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach bunaithe ar an anailís sin. Formhuiníonn an Coiste Iniúcháireachta an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ar bhonn rialta le linn na bliana chun leorgacht agus éifeachtacht leanúnach an chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a athbhreithniú agus a dhearbhu.

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais treoir ó obair an Iniúcháir Inmheánaigh, ón gCoiste Iniúcháireachta a mhaoirsíonn obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den NSAI atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chaomhnú.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain go dtí an 31 Nollaig 2013, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais.



Julie O'Neill

Cathaoirleach

27 Meitheamh 2014

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE



Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

An tUdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Is éard atá sna ráitis airgeadais, ar ullmhaíodh iad faoi na beartaí chuntasaíochta a leagtar amach iontu, na beartaí chuntasaíochta, an cuntas comhdhlúite ioncaim agus caiteachais, an ráiteas comhdhlúite faoi na gnóthachain agus caillteanas aitheanta iomlána, an clár comhardaithe comhdhlúite, an ráiteas comhdhlúite faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhír 8 den chéad sceideal a ghabhann leis an Acht, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltai an Údaráis

Tá an tUdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom iontu ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idimáisiúnta um Iniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeán Eiticíúla d'Iniúcháirí ón mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu atá na beartaí chuí maidir le cúinsí an Údaráis nó nach bhfuil, agus an gcuirtear i bhfeidhm go leanúnach iad agus an nochtar go cuí iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

Maoiniú Iarchurtha Pinsin

Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingim aird ar nóta 11 (c) leis na ráitis airgeadais. Aithníonn an tUdarás sócmhainn i leith maoiniú iarchurtha pinsin – luach reatha an mhaoinithe a measann sé go gcuirfidh an Stát é ar fáil amach anseo chun freastal ar dhliteanais phinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Gné dhílis den chur chuige cuntasaíochta sin is ea an toimhde go gcuirfead aon ioncam a ghineann an tUdarás i bhfeidhm ar an gcéad ásc chun speansais reatha a chomhlíonadh agus go bhfreastalóidh maoiniú Stáit ar aon easnamh reatha nó ar aon easnamh amach anseo in acmhainní, lena n-áirítear dliteanais phinsin amach anseo.

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

(AR LEAN)

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sa chuntas riaracháin, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, maidir le staid chúrsaí an Údaráis ag an 31 Nollaig 2013 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bhliain 2013.


Is é mo thuairim gur choimeád an tÚdarás leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dTuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- gur thug mé aon chás ábhartha ar bith faoi deara le linn m'iniúchta inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas don cheann a bhí beartaithe dó, nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



Patricia Sheehan

Le haghaidh agus thar ceann
an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2014

COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Bord an NSAI

Is iad seo a leanas Comhaltaí Boird an NSAI, atá ceaptha ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta:

Comhaltaí Boird:	J. O'Neill Uas. - Cathaoirleach - Ceaptha an 16 Iúil 2013
	A. Riordan Uas. - Cathaoirleach - Ar Scor an 14 Aibreán 2013
	An tUas. M. Buckley - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
	A. Clarke Uas. - Ar Scor an 14 Feabhra 2013
	An tUas. J. Collins
	An tUas. K. Cox
	An tUas. E. Forde - Ceaptha an 22 Deireadh Fómhair 2013
	A. Goggin Uas. - Ceaptha an 31 Eanáir 2013
	An tUas. T. Landers
	An tUas. P. Oates - Ceaptha an 27 Meitheamh 2013
	D. O'Hara Uas. - Ceaptha an 31 Eanáir 2013
	B. O'Leary Uas.
	An tUas. K. Ryan - Athcheaptha an 27 Meitheamh 2013
	An tUas. E. Stack
	An tUas. D. Wallace - Ar Scor an 14 Aibreán 2013
	An tUas. P. Bracken - Rúnaí an Bhoird

Faisnéis Ghinearálta

Ceannoifig:	1 Cearnóg Swift
	An Choill Thuaidh
	Seantrabh
	Baile Átha Cliath 9
Iniúcháirí:	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Baincéirí:	Bainc-Aontas Éireann
Aturnaetha:	McCann Fitzgerald

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

An tAcht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an 14 Aibreán 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Ar an lá bunaithe, rinneadh an mhaoín go léir, a bhí faoi úinéireacht dhíreach roimh an lá sin ag an NSAI mar Choiste de chuid Fhorfás, a dhílsiú san Údarás. Foráladh leis na forálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach i gCuid III den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, go ndéanfaidh Forbairt an mhaoín, na cearta agus na dliteanais go léir a bhí ag an tSeirbhís Méadreolaíochta Dlíthiúla díreach roimh an lá sin a aistriú chuig an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann.

Is iad seo a leanas an bunús cuntasáíochta agus na beartais chuntasáíochta shuntasacha ar glacadh leo:-

(a) Bunús Cuntasáíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir mar a d'fhorhmeas an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta é, le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe, ach amháin mar atá luaite thíos, agus de réir an Chleachtais Chuntasáíochta a bhfuil Glacadh Leis. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasáíochta aitheanta, faoi mar a thagann siad i bhfeidhm.

Is éard atá sna ráitis chomhdhlúite airgeadais ná ráitis airgeadais an Údaráis agus a fhochuideachta - NSAI Inc. Níl beartais chuntasáíochta na fochuideachta éagsúil leo siúd de chuid an Údaráis.

(b) Ioncam

Tugtar cuntas i leith an ioncaim ar fad, seachas Deontas Oireachtais, sa tréimhse ina dtuilltear é. Déileáiltear le táillí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais tráth sholáthar na seirbhíse.

(c) Deontas Oireachtais

Tugtar cuntas ina leith sin ar bhonn fáltas airgid, ach iarchuirtear an deontas nuair a fhaightear deontas i leith scaoileadh dliteanas an bhliain ina dhiaidh sin.

(d) Aistriú Airgeadraí Eachtracha Idirbhearta Airgeadra Eachtraigh

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncam agus costais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta na mbun-idirbheart. Déileáiltear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le brabús agus le caillteanais a eascraíonn ó aistrithe airgeadra eachtraigh tráth ghlanadh na suimeanna is infhaighte agus is iníoctha in airgeadra eachtrach.

Oibríochtaí Eachtracha

Nuair atá torthaí na hoibríochta eachtraí á n-aistriú lena gcuimsiú sna ráitis airgeadais, aistrítear sócmhainní agus dliteanais de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Is i gcúlchistí a aithnítear an difríocht aistrithe a eascraíonn ó athráiteas na n-oibríochtaí eachtraí in euro, arb é an ráta feidhmiúil, de bharr athruithe i rátaí malairte (sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais faoin gceannteideal “coigeartú aistrithe” i leith earraí airgeadaíochta agus sa Chuntas Caipitil i leith difríochtaí athaistrithe sócmhainní seasta.) Aistrítear ioncam agus costais de réir meánrátaí malairte tréimhse míosúla. Is i gcúlchistí na hoibríochta freisin a aithnítear aon difríocht a eascraíonn ó aistriú i gcomparáid le ráta an Chláir Chomhardaithe.

(e) Sócmhainní Seasta

Is éard atá i Sócmhainní Seasta ná sócmhainní seasta inláimhsithe atá faoi úinéireacht ag an NSAI agus luaitear iad sin de réir costais lúide dímheas carntha nó, i gcás Talún agus Foirgneamh a aistríodh ó Fhiontraíocht Éireann, is é sin, an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML), is de réir luachála a luaitear iad. Ríomhtar dímheas chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolta úsáideacha measta mar seo a leanas:

Trealamh, Daingneáin agus Feistias	5 bliana
Ríomhairí	3 bliana
Talamh agus Foirgnimh	50 bliain
Mótarfheithiclí	5 bliana

(f) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil ioncam deontais a úsáidtear chun Sócmhainní Seasta a fháil agus scríobhtar síos é i gcomhréir leis na beartais dímheasa agus athluachála do na sócmhainní gaolmhara.

(g) Féichiúnaithe

Luaitear féichiúnaithe glan ar sholáthar do neamhghnóthú drochfhiachais agus fiachas amhrasach. Déantar an soláthar do neamhghnóthú féichiúnaithe in aghaidh féichiúnaithe amhrasacha sonracha, agus déantar soláthar breise in aghaidh fiachais trádála eile nuair is cuí.

(h) Léasanna

Déileáiltear le cíosanna atá dlite faoi léasanna oibriúcháin sna ráitis airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlite.

(i) Aoisliúntas

Is sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus sa Chlár Comhardaithe a aithnítear idirbhearta, gluaiseachtaí agus iarmhéideanna pinsin de réir cheanglais Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Sochair Scoir.

Scéim Fhorfás

Baill foirne a oibríonn san NSAI a bhí ina mbaill bhuana d'fhoireann Fhorfás díreach roimh an lá bunaithe, leanann siad de bheith ina mbaill den fhoireann sin faoi Alt 38(1)(a) den Acht fán Údarais um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996. Dá réir sin, faoi Mhír 3 den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, is é Forfás atá freagrach as teidlíochtaí pinsin fostaithe na mball foirne sin.

Scéim an NSAI

Feidhmíonn an NSAI scéim pinsin sochair shainithe, rud a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a théitear' ón airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil dó agus ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail foirne.

Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, ranníocaíochtaí a gcoinníonn an NSAI iad. Is mar ioncam a shonraítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhíscáileadh.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe i dtoimhdí achtúireacha agus i mbarrachais agus easnaimh ó thaithí sa ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta lomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfheagrach sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfheagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

CUNTAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

	Nótaí	2013 €	2012 €
Ioncam	1	18,710,504	18,613,423
Caiteachas			
Speansais Riaracháin agus Ghinearálta	2	24,153,562	24,689,586
Easnamh roimh Dheontas Oireachtais		(5,443,058)	(6,076,163)
Deontas Oireachtais	3	5,641,000	6,244,859
Barrachas Oibriúcháin don bhliain		197,942	168,696
Aistriú ón gCuntas Caipitil	4	66,798	215,960
Coigeartú Aistrithe		(126,305)	(39,853)
Barrachas don bhliain		138,435	344,803
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		4,507,395	4,162,592
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		4,645,830	4,507,395

Is le gníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann suimeanna a léirítear faoi Ioncam agus Caiteachas.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 15.

Thar ceann an Bhoird:



Julie O'Neill
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2014



Maurice Buckley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
27 Meitheamh 2014


RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2013

	Nótaí	2013 €	2012 €
Barrachas don bhliain		138,435	344,803
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin	11(d)	2,520,000	1,390,000
Athruithe sna toimhdí atá mar bhonn ag luach reatha na ndliteanas scéime pinsin	11	-	-
Gnóthachain Achtúireacha ar Dhliteanais Phinsin		2,520,000	1,390,000
Coigeartú ar Mhaoiniú larchurtha Pinsin	11	(2,520,000)	(1,390,000)
Gnóthachain aitheanta iomlána don bhliain		138,435	344,803

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 15.

Thar ceann an Bhoird:



Julie O'Neill
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2014



Maurice Buckley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
27 Meitheamh 2014


CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2013

	Nótaí	2013 €	2012 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	4,470,152	4,537,120
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	7	3,763,160	3,928,785
Banc		2,071,845	1,704,942
		5,835,005	5,633,727
Creidiúnaithe : suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	8	1,189,175	1,126,332
Glansócmhainní reatha		4,645,830	4,507,395
Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha roimh Phinsin		9,115,982	9,044,515
Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh Pinsean	11(c)	33,600,000	33,300,000
Dlíteanais Phinsin	11(b)	(33,600,000)	(33,300,000)
		-	-
Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha tar éis Pinsean		9,115,982	9,044,515
Glansócmhainní		9,115,982	9,044,515
Maoinithe Ag:			
Cuntas Caipitil	4	4,470,152	4,537,120
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		4,645,830	4,507,395
		9,115,982	9,044,515

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 15.

Thar ceann an Bhoird:



Julie O'Neill
Cathaoirleach
27 Meitheamh 2014



Maurice Buckley
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
27 Meitheamh 2014

RÁITEAS COMHARDAITHE FAOI SHREABHADH AIRGID

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

	Nótaí	2013 €	2012 €
Brabús Oibriúcháin don Bhliain a Réiteach le Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí			
Barrachas Oibriúcháin don Bhliain		197,942	168,696
Ús Bainc		(4,886)	(10,351)
Muirear Dímhéasa	5	605,486	706,758
Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		(16,451)	(36,450)
Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí		165,625	(272,680)
Méadú/(Laghdú) i gCreidiúnaithe agus i bhFabhrúithe		62,843	(512,755)
Coigeartú Aistrithe Airgeadra		(126,305)	(39,853)
Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		884,254	3,365
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID			
Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		884,254	3,365
Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh a Dhéanamh ar Airgeadas			
Ús Bainc		4,886	10,351
Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil		889,140	13,716
Maoiniú Caipitil			
Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	(538,787)	(490,797)
Díol Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		16,550	36,450
Méadú in Airgead Tirim		366,903	(440,631)
Glansreabhadh Airgid a Réiteach le Gluaiseacht i nGlanchistí			
Gluaiseacht i nGlanchistí sa bhliain		366,903	(440,631)
Glanchistí amhail an 1 Eanáir		1,704,942	2,145,573
Glanchistí ag an 31 Nollaig		2,071,845	1,704,942

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

(1) Ioncam

	2013	2012
	€	€
Táillí Deimhnithe	14,980,685	14,975,818
Díol Caighdeán	779,757	791,344
Ioncam Eile	125,176	145,910
Ús Bainc	4,886	10,351
	15,890,504	15,923,423
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	Nóta 11(c) 2,820,000	2,690,000
	18,710,504	18,613,423

(2) Speansais Riaracháin agus Ghinearálta

	2013	2012
	€	€
Pá agus Costais aoisliúntais	11,054,538	11,716,554
Costais phinsin	Nóta 11(a) 2,891,350	2,972,825
Luach Saothair agus Speansais na gComhaltaí Boird	Nóta 14 51,080	71,170
Speansais Taistil	1,245,339	1,305,254
Seirbhísí ar Fochonradh agus Seirbhísí Gairmiúla	3,856,597	3,412,878
Cíosanna, Rátaí, Deisiúcháin agus Cothabháil	2,021,819	1,975,466
Speansais Eile Oibriúcháin	1,746,416	1,900,862
Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(16,451)	(36,450)
Síntiúis le hEagraíochtaí	672,988	638,419
Dímheas	Nóta 5 605,486	706,758
Táille Iniúchta	24,400	25,850
	24,153,562	24,689,586

Cuimsíonn Pá agus Costais Aoisliúntais foirne:

Pá agus Tuarastail	10,326,259	10,950,079
Costais Leasa Shóisialaigh	695,792	736,773
Costais Aoisliúntais	32,487	29,702
	11,054,538	11,716,554

Áirítear le Pá agus Tuarastail costas na n-íocaíochtaí foirceanta a eisíodh do bheirt.

B'ionann líon na ndaoine a bhí fostaithe (coibhéis lánaimseartha) ag an 31 Nollaig 2013 agus 141 duine. (2012: 154)

Áirítear le Speansais Eile Oibriúcháin suim €7,398 a bhaineann le rannpháirtíocht le fostaithe/leas foirne (2012: €7,334).

Áirítear leis na costais sin ranníocaíocht le hócáidí an chlub shóisialta foirne agus le cleachtaí tógála foirne.

Rinneadh cinneadh Rialtais chun Forfás a dhíscáileadh. Rinne Tithe an Oireachtais an Bille um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscáileadh) 2013, arb é an reachtaíocht lena bhforáiltear d'Fhorfás a dhíscáileadh agus d'fheidhmeanna a aistriú, a fhoilsiú an 19 Nollaig 2013. Tráth dhíscáileadh Fhorfás, déanfar fostaithe den NSAI de bhaill foirne Fhorfás atá ag obair leis an NSAI. Is ó Fhorfás chuig an NSAI a aistrefar an fhreagracht as gach teidlíocht phinsin de chuid baill foirne reatha. Is chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a aistrefar an fhreagracht as gach teidlíocht phinsin de chuid pinsinéirí reatha agus de chuid na ndaoine siúd a bhfuil sochair chaomhnaithe acu.

(3) Deontas Oireachtais

	2013 €	2012 €
Deontas le haghaidh Speansais Riaracháin agus Ghinearálta	5,641,000	6,244,859
	5,641,000	6,244,859

Is í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a eisiónn an Deontas Oireachtais agus áirítear leis an deontas suim €500,000 i leith ceannacháin chaipitil in 2013. Is ó Vóta 32, Fo-mhírcheann A.11 a thagann an maoiniú.

(4) Cuntas Caipitil

	2013 €	2012 €
Iarmhéid tosaigh	4,537,120	4,752,880
Glanghluaiseachtaí i Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	(66,798)	(215,960)
Aistriú chuig an gCuntas Ioncam agus Caiteachais	(66,798)	(215,960)
Aistriú Thalamh agus Fhoirgnimh an NML ó Fhiontraíocht Éireann	0	0
Coigeartú Aistrithe Airgeadra	(170)	200
Ag an 31 Nollaig	4,470,152	4,537,120

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013 (AR LEAN)

(5) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

In Euro	Trealamh, Daingneáin agus Feisteas €	Trealamh Ríomhaire €	Talamh agus Foirgnimh €	Mótarfheithiclí €	Iomlán €
COSTAS					
Ag an 1 Eanáir 2013	4,572,022	2,842,939	4,223,270	354,848	11,993,079
Breiseanna	138,272	359,757	40,758	0	538,787
Diúscairtí	(34,233)	(10,795)		0	(45,028)
Coigeartú Aistrithe	(2,001)	(6,931)			(8,932)
Ag an 31 Nollaig 2013	4,674,060	3,184,970	4,264,028	354,848	12,477,906
DÍMHEAS					
Ag an 1 Eanáir 2013	4,002,850	2,487,281	855,435	110,393	7,455,959
Muirear don Bhliain	225,280	235,643	85,286	59,277	605,486
Diúscairtí	(34,233)	(10,696)		0	(44,929)
Coigeartú Aistrithe	(2,203)	(6,559)			(8,762)
Ag an 31 Nollaig 2013	4,191,694	2,705,669	940,721	169,670	8,007,754
GLANLUACH LEABHAR					
Ag an 1 Eanáir 2013	569,172	355,658	3,367,835	244,455	4,537,120
Glanghluaiseacht don bhliain	(87,008)	124,015	(44,528)	(59,277)	(66,798)
Coigeartú Aistrithe	202	(372)			(170)
Ag an 31 Nollaig 2013	482,366	479,301	3,323,307	185,178	4,470,152

(6) Maoin

Áitíonn an NSAI áitreabh i roinnt áiteanna. Tá ár gceannoifig lonnaithe ag 1 Cearnóg Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9. Tá an t-áitreabh sin á ghlacadh ar léas, léas a ndeachthas isteach ann i mí Eanáir 2008 ar feadh tréimhse 20 bliain. Is gá an chéad athbhreithniú cíosa 5 bliana a dhéanamh i mí Eanáir 2013.

Tá Oifigí Réigiúnacha ag an NSAI i Luimneach agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá an oifig i Luimneach lonnaithe ar Bhóthar Pháirc Plassey, An Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh, agus tá an t-áitreabh sin faoi úinéireacht ag an NSAI. Tá an oifig réigiúnach i Stáit Aontaithe Mheiriceá lonnaithe ag 402 Amherst Street, Nashua, NH 03063, SAM, agus tá an t-áitreabh sin á ghlacadh ar léas. Chuathas isteach sa léas i mí na Nollag 1999 agus tá sé le dul in éag i mí Lúnasa 2015.

Tá Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta an NSAI lonnaithe i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath 9, agus tá an t-áitreabh sin faoi úinéireacht ag an NSAI.

Tá roinnt Ionaid Réigiúnacha Seirbhíse Méadreolaíochta Dlíthiúla ag an NSAI. Tá na hionaid sin lonnaithe i gCorcaigh, i Luimneach, i mBaile Átha Cliath, i Sligeach, i nDún Dealgan, i bPort Láirge agus i nGaillimh. Tá gach ceann de na háitribh sin faoi úinéireacht ag an NSAI.

(7) Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2013 €	2012 €
Féichiúnaithe Trádála (glan ar sholáthar in aghaidh drochfhiachais)	2,802,387	2,779,836
Ioncam Fabhráithe	385,886	552,764
Réamhíocaíochtaí	574,887	596,185
	3,763,160	3,928,785

(8) Creidiúnaithe : suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

	2013 €	2012 €
Creidiúnaithe Trádála	245,424	89,851
Creidiúnaithe Eile agus Fabhrúithe	645,706	777,763
Ioncam Iarchurtha	309,895	280,425
Cáin, Árachas Sóisialach agus CBL	(11,850)	(21,707)
	1,189,175	1,126,332

(9) Ceangaltas faoi Léasanna Oibriúcháin

B'ionann íocaíochtaí a rinneadh faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh atá gearrtha sna ráitis airgeadais agus €933,482 (2012: €934,304). Tá íocaíochtaí ar fiú €932,840 iad le déanamh in 2014 faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh. Baineann siad sin le léasanna a rachaidh in éag mar seo a leanas:

	2013 €	2012 €
Éag an Léasa:		
Laistigh de bhliain amháin		
Bliain amháin go cúig bliana	40,889	42,068
Tar éis cúig bliana	891,951	891,951
	932,840	934,019

(10) Cáin

Tá an tÚdarás díolmhaithe ó cháin ar a ioncam.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013 (AR LEAN)

(11) Costais Phinsin

(a) Anailís ar chostais iomlána pinsin atá gearrtha ar Chaiteachas

	2013	2012
Costas Reatha Seirbhíse	€1,500,000	€1,600,000
Ús ar dhliteanais na scéime pinsin	€1,800,000	€1,800,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(€408,650)	(€427,175)
	€2,891,350	€2,972,825

(b) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

	2013	2012
Glandliteanas pinsin ag an 1 Eanáir	€33,300,000	€32,000,000
Costas reatha seirbhíse	€1,500,000	€1,600,000
Costais úis	€1,800,000	€1,800,000
Gnóthachan achtúireach	(€2,520,000)	(€1,390,000)
Pinsin a íocadh sa bhliain	(€480,000)	(€710,000)
Glandliteanas pinsin ag an 31 Nollaig	€33,600,000	€33,300,000

(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an NSAI na suimeanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean bunaithe ar shraith toimhdí agus ar roinnt teagmhais roimhe. I measc na dteagmhais sin, tá an bonn reachtúil do bhunú na scéime aoisliúntais agus don bheartas agus don chleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin san earnáil phoiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas a bhaineann le meastacháin bhliantúla. Níl aon fhianaise ag an NSAI nach leanfaidh an beartas dá dtagraítear thuas de bheith ag freastal ar shuimeanna den sórt sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Is mar seo a leanas a aithníodh an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2013	2012
Maoiniú inghnóthaithe i leith chostais pinsin na bliana reatha	3,300,000	3,400,000
Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm le pinsinéirí a fóc	(480,000)	(710,000)
	2,820,000	2,690,000

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2013 agus €33.6 milliún (2012: €33.3 milliún).

(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2013	2012	2011	2010
Oibleagáidí sochair shainithe	€33,600,000	€33,300,000	€32,000,000	€29,800,000
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime				
Suim	(€2,520,000)	(€1,390,000)	(€620,000)	(€3,450,000)
Céatadán de dhliteanais na scéime	(8%)	(4%)	(2%)	(12%)

Is ionann an gnóthachan achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta iomlána agus €9,093,000.

(11) Costais Phinsin (ar lean)

(e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Is ionann an scéim pinsean agus scéim sochair shainithe atá bunaithe ar thuarastal deiridh agus tá sochair agus ranníocaíochtaí bunaithe ar rialacháin an “mhúnla” reatha san earnáil phoiblí. Sa scéim, soláthraítear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do pháistí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir, agus tá daoine ar bhaill iad roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ón uair a shroicheann siad 60 bliain d’aois. Téann pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS17 (Athbhreithnithe) ar luacháil achtúireach iomlán amhail an 27 Feabhra 2014 agus a ndearna achtúire neamhspleách cáilithe athrú chun dáta air chun ceanglais FRS17 a chur san áireamh d’fhonn dliteanais na scéime ag an 31 Nollaig 2013 a mheasúnú.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

	2013	2012	2011
Ráta méadaithe i dtuarastail	4%	4%	4%
Ráta méadaithe i bpinsin a bhí á n-íoc	4%	4%	4%
Ráta lascaine	5.5%	5.5%	5.5%
Ráta boilscithe	2%	2%	2%

(f) Mortlaíocht

An meánionchas saoil amach anseo de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáidtear chun na dliteanais phinsin a chinneadh.

	2013	2012	2011
Fear atá 65 bliain d’aois	22	22	22
Bean atá 65 bliain d’aois	25	25	25

(12) NSAI Inc.

Bunaíodh an NSAI Inc. in New Hampshire, SAM, an 1 Iúil 1997 mar chorporáid neamhbhrabúis faoi úinéireacht iomlán ag an NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin na hÉireann agus an AE atá ann faoi láthair agus atá beartaithe, chun léirmheasanna teicniúla a sholáthar agus chun measúnacht a dhéanamh ar tháirgí, ar phróisis agus ar cleachtais agus ar dheimhniú le haghaidh chaighdeáin an AE, chaighdeáin na hÉireann agus caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Cuireadh iarmhéideanna agus idirbhearta an NSAI Inc. ar áireamh sna ráitis airgeadais seo. Áirítear leis an mBarrachas Comhdhlúite Oibriúcháin don bhliain barrachas €404,648 ó oibríochtaí an NSAI Inc (2012 : €321,211).

(13) Comhaltaí Boird - Idirbhearta a Nochtadh

Agus é i mbun gnó, féadfaidh an NSAI dul isteach i socruithe conartha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Boird NSAI fostaithe nó le gnóthais a bhfuil leas ag Comhaltaí Boird an NSAI iontu ar shlí eile. Ghlac an NSAI le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird, agus chloígh an NSAI leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013 (AR LEAN)

(14) Luach Saothair Stiúrthóirí agus Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

(a) Luach saothair stiúrthóirí a íocadh in 2013

J. O'Neill Uas.		€5,230	Cathaoirleach - Ceaptha an 16 Iúil 2013
A. Riordan Uas.		€3,670	Cathaoirleach - Ar Scor an 14 Aibreán 2013
A. Clarke Uas.		€885	Ar Scor an 14 Feabhra 2013
An tUas. J. Collins	[Nóta (i)]	€0	
An tUas. K. Cox		€7,668	
An tUas. E. Forde		€0	Ionadaí don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ceaptha an 22 Deireadh Fómhair 2013
A. Goggin Uas.	[Nóta (i)]	€0	Ceaptha an 31 Eanáir 2013
An tUas. T. Landers	[Nóta (ii)]	€0	
An tUas. P. Oates		€3,746	Ceaptha an 27 Meitheamh 2013
D. O'Hara Uas.		€6,843	Ceaptha an 31 Eanáir 2013
B. O'Leary Uas.	[Nóta (i)]	€0	
An tUas. K. Ryan		€6,105	Athcheaptha an 27 Meitheamh 2013
An tUas. E. Stack		€7,668	
An tUas. D. Wallace		€2,360	Ar Scor an 14 Aibreán 2013
An tUas. M. Buckley		€0	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ba é €44,175 (2012: €57,349) luach saothair iomlán na Stiúrthóirí do 2013.

(i) Ní raibh luach saothair iníoctha de réir an phrionsabail 'duine amháin, tuarastal amháin'.

(ii) Rinne an comhalta luach saothair Stiúrthóirí a ligean uaidh go deonach.

(b) Speansais Stiúrthóirí

Ba é €6,905 (2012: €13,820) speansais iomlána na Stiúrthóirí do 2013.

(c) Tuarastal an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin

Ba é €148,680 (2012: €153,651) tuarastal bliantúil bunúsach an Phríomhfheidhmeannaigh do 2013. B'ionann costas foriomlán phacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ina gcuimsítear soláthar aoisliúntais, carr cuideachta agus aon sochair eile, agus €158,824 (2012 : €164,161) in 2013. Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim aoisliúntais foirne an NSAI agus ní théann a theidlíochtaí pinsin níos faide ná teidlíochtaí caighdeánacha scéim mhúnla na hearnála poiblí. Ní bhfuair an Príomhoifigeach aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht in 2013 ná in 2012.

(15) Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Bord na ráitis airgeadais an 19 Meitheamh 2014.



PRÍOMHOIFIG

1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9, Éire
T +353 1 807 3800 F +353 1 807 3838 R info@nsai.ie

NSAI.ie